# Doiciméad Eolais agus Treorach don Athbhreithniú ar Oideachas Reiligiúin sa tSraith Shóisearach

Le tabhairt faoi deara

NCCA

Meán Fómhair 2017

# An Clár Ábhar


1. Réamhrá 3

2. Cúlra 3

3. Taithí Oideachais Reiligiúin an Teastais Shóisearaigh 15

    3.1. Tuarascálacha CSS agus ROS 15

    3.2. Tuairimí na múinteoirí 17

    3.3. Guth an scoláire 20

4. Oideachas Reiligiúin – Peirspictíocht Eorpach 25

5. An comhthéacs le haghaidh sonraíochta nua 32

6. Sonraíocht don Oideachas Reiligiúin sa tsraith shóisearach nua 38

7. Achomair le haghaidh athbhreithniú ar Oideachas Reiligiúin sa tSraith Shóisearach 40

Leabharliosta 45

# 1. Réamhrá

Tabharfar Oideachas Reiligiúin isteach in 2019 mar ábhar i gCéim a Cúig den tsraith shóisearach nua. Tugann an páipéar seo cúlra ar fhorbairt na sonraíochta don Oideachas Reiligiúin sa tSraith Shóisearach. Mar thús, tugtar forbhreathnú gearr ann ar chúlra an tsiollabais reatha in Oideachas Reiligiúin. Cuirtear i láthair ansin breathnuithe maidir leis an siollabas reatha, lena n-áirítear taithí scoláirí agus múinteoirí. Tugtar breac-chuntas ann ar chleachtas agus ar thaighde Eorpach i réimse an oideachais reiligiúin agus ar roinnt forbairtí ar leibhéal náisiúnta is dóigh a bheidh ábhartha d'fhorbairt na sonraíochta nua. Ar deireadh, leagtar amach ann an páipéar treorach d'fhorbairt na sonraíochta.

# 2. Cúlra

## 2.1. Suíomh an Oideachais Reiligiúin laistigh den churaclam

Rinneadh an argóint i dTuarascáil UNESCO 1996, *Learning: The Treasure Within*, go bhfuil an t-oideachas ar feadh an tsaoil bunaithe ar cheithre cholún: Ag foghlaim chun fios a bheith agat (uirlisí na tuisceana a fháil), Ag foghlaim chun rud a dhéanamh (a bheith in ann gníomhú go cruthaitheach ar thimpeallacht duine), Ag foghlaim chun Maireachtáil le Chéile (ionas go mbeifear in ann a bheith rannpháirteach agus comhoibriú le daoine eile i ngach gníomhaíocht dhaonna) agus Ag Foghlaim le Bheith (agus é mar aidhm an duine a fhorbairt agus a shásamh).[1]

Tá achoimre de na haidhmeanna sin sa phrionsabal:

> *Gur chóir go rannchuideodh an t-oideachas le forbairt iomlán gach duine – an intinn agus an corp, intleacht, mothálacht, léirthuiscint agus spioradáltacht aeistéitiúil. Is é aidhm na forbartha seo ná sástacht iomlán an duine, i saibhreas iomlán a phearsantachta nó a pearsantachta, castacht a chuid nó a cuid léirithe agus a thiomantais nó a tiomantais – mar dhuine aonair, mar bhall de theaghlach agus de phobal, saoránach agus táirgeoir, cumadóir teicnící agus físí cruthaitheach.*[2]

---

[1] Jacques Delors, *Learning: The Treasure Within: Tuarascáil chuig UNESCO den Choimisiún Idirnáisiúnta ar Oideachas le haghaidh an Aonú hAois is Fiche* (Páras: UNESCO Publishing, 1996).
[2] Delors, lch.8

Comhtháthaíonn fís den sórt sin maidir le hoideachas an corp, an intinn agus an spiorad agus cuireann sé an duine iomlán i gcroílár an phróisis oideachais. Tá an fhís sin, mar atá léirithe i dTuarascáil UNESCO, le fáil freisin i bPáipéar Bán 1995, *Cairt don Oideachas sna Blianta Romhainn,* ina n-iarrtar fealsúnacht chuimsitheach den oideachas a réitíonn daoine i gcomhair oideachas ar feadh an tsaoil agus atá dírithe ar an scoláire agus dírithe go domhanda i dtéarmaí béime.[3] D'fhéadfaí fealsúnacht den sórt sin a dhéanamh amach ar an mbealach a ndéantar cur síos anseo ar oideachas sa chiall is leithne den fhocal:

> *Is é aidhm ghinearálta an oideachais rannchuidiú a dhéanamh i dtreo fhorbairt gach gné den duine aonair, lena n-áirítear forbairt aeistéitiúil, chruthaitheach, bhreithiúnach, chultúrtha, mhothálach, intleachtúil, mhorálta, fhisiceach, pholaitiúil, shóisialta agus spioradálta, le haghaidh a shaol pearsanta agus don teaghlach, le haghaidh na hoibre, le maireachtáil sa phobal agus i gcomhair áineasa.*[4]

Is é an tuiscint atá mar bhun agus barr leis an aidhm seo ná go bhfuil gach oideachas foirmitheach agus iomlánaíoch ón tús ar fad, agus áirítear leis forbairt mhorálta, spioradálta, shóisialta, mhothálach, fhisiceach agus phearsanta an scoláire mar aon lena fhorbairt intleachtúil. Cé nach gcuidíonn gach ábhar scoile ar an mbealach céanna le gach gné d'fhorbairt an scoláire, ní mór gach ábhar a mhúineadh ar bhealach nach mbainfidh an bonn d'aon cheann de na gnéithe. Measann an Stát go bhfuil rud éigin le tabhairt ag an Oideachas Reiligiúin ó thaobh forbairt an scoláire agus tá an Stát tiomanta a chinntiú gur cheart go mbeadh 'taithí fhoirmitheach' ag gach scoláire 'in oideachas morálta, reiligiúnach agus spioradálta de réir a chumais',[5] agus aird chuí ar chearta an linbh agus a thuismitheoirí do shaoirse reiligiúin. Is é an dearcadh uilechuimsitheach sin maidir le hoideachas an duine a fhágann gur féidir oideachas reiligiúin a chuimsiú mar ghníomhaíocht dhlisteanach de chuid an Stáit.

Is féidir cur síos a dhéanamh ar oideachas reiligiúin mar an teagmháil chriticiúil idir oideachas agus reiligiún. Tugtar le fios leis an úsáid a bhaintear as an bhfocal criticiúil go ndéantar an teagmháil sin d'aon turas bunaithe ar phrionsabail reiligiúnacha agus oideachasúla chun go mbeadh deis ann plé machnamhach géarchúiseach a chur ar siúl idir an foghlaimeoir agus reiligiún(iúin) ar mhaithe leis an ábhar agus léiriú creideamh reiligiúnach a thuiscint. Thug Dermot Lane le fios '*nach mór caidreamh*

---

[3] Rialtas na hÉireann, *Cairt don Oideachas sna blianta romhainn: Páipéar Bán ar Oideachas* (Baile Átha Cliath: An Oifig Stáiseanóireachta, 1992), lgh 12-13

[4] CNCM, *Clár athchóirithe: Beartas curaclaim agus measúnaithe i dtreo an chéid nua,* lch 26

[5] *Cairt don Oideachas sna blianta romhainn*, lch. 50

*nua a bhunú idir oideachas agus reiligiún. Is é an bealach is fearr a thuigtear an caidreamh nua sin idir reiligiún agus oideachas ná i dtéarmaí plé criticiúil.'*[6]

D'fhonn a bheith ina ghníomh oideachasúil, caithfidh an t-oideachas reiligiúin atá á thairiscint ag an Stát dul níos faide ná díreach a bheith ag tairiscint faisnéise agus fíricí faoi reiligiún(iúin) agus tuairimí domhanda ar bhealach scoite. Ba cheart go n-éascódh sé duine óg chun a bheith páirteach ina chuid foghlama ar bhealach a thairgeann léargais agus críonnacht do shaol an scoláire féin. Cumasaíonn oideachas maith reiligiúin rannpháirtíocht, machnamh agus freagairt phearsanta de réir mar a dhéileálann an scoláire *'go cruthaitheach, go criticiúil agus go machnamhach le hiolarthacht, aitheantas agus roghanna bunúsacha an tsaoil'.*[7]

Chuige sin, tugann oideachas reiligiúin *'spás thar cuimse'* don scoláire ceisteanna a bhfuil domhain agus brí ag baint leo a phlé agus aithne a chur orthu féin agus ar a chéile ar an gcaoi sin. Spreagtar agus tacaítear le taithí an scoláire féin agus é ag iarraidh brí a bhaint as go leanúnach. Laistigh den rang OR tá bealaí éagsúla ina gcuirtear luach ar an eolas agus ar an bhfoghlaim.

> *'Tairgeann OR spás thar cuimse: i gcomhair teagmhála, mínithe, agus atrua; i gcomhair léirithe, léirmhínithe, agus samhlaíochta; i gcomhair grinnscrúdaithe, ceistiúcháin, agus machnaimh.... Tugann sé deis don scoláire taithí a fháil agus plé a dhéanamh le scoláirí eile ar dhearcthaí inmheánacha agus seachtracha maidir le saincheisteanna reiligiúnacha. Spreagann sé an dalta smaoineamh ar na cosúlachtaí agus na difríochtaí idir daoine agus, nuair a dhéanann sé é sin, beidh sé in ann machnamh a dhéanamh ar a shainiúlacht féin agus ar chineálacha muintearais a bhíonn aige sa saol.'*[8]

Mar fhocal scoir, tá oideachas reiligiúin mar chuid de churaclam stáit fréamhaithe i luachanna saoirse, dínite, cuimsithe, ceartais agus comhionannais. Dá bharr sin tá sé in ann rannchuidiú chun sochaí atá níos comhtháite go sóisialta a fhorbairt; *sochaí atá iolrach ach comhtháite, éagsúil ach freagrach, a lorgaíonn an fhírinne ach atá ómósach agus atruach.'*[9]

---

[6] Dermot Lane, *Religion and Education: Re-imagining the Relationship* (Baile Átha Cliath: Veritas, 2013) lch 31
[7] Lieven Boeve, 'Beyond Correlation Strategies: Teaching Religion in a Detraditionalised and Pluralised Context', in *Hermeneutics and Religious Education*, in eag. ag Herman Lombaerdts agus Didier Pollefyt (Leuven: Peeters, 2004), lgh 233-254 (lch 253).
[8] John Sullivan, 'A space like no other', in *Does Religious Education Matter?* in eag. ag Mary Shanahan (Londain: Routledge, 2017), lch 7.
[9] Patricia Kieran, 'Taking Diversity of Belief Seriously in Contemporary Ireland: The Challenge for Religious Education in Irish Schools', in *Toward Mutual Ground: Pluralism, Religious Education and Diversity in Irish Schools*, in eag. ag Gareth Byrne agus Patricia Kieran, (Baile Átha Cliath: The Columba Press, 2013) lch 24.

## 2.2. Éabhlóid an Oideachais Reiligiúin mar ábhar scrúdaithe dara leibhéal

Riamh anall ba é an dearbhú san Intermediate Education (Ireland) Act, 1878, a chinn stádas an oideachais reiligiúin i scoileanna i bPoblacht na hÉireann, agus luaitear ann '*no examination shall be held in any subject of religious instruction, nor any payment made in respect thereof*'. Ba é seasamh an Stáit ná go ndéanfadh sé soláthar do theagasc reiligiúnach trína chuimsiú laistigh d'am scoile, agus go dtabharfaí aitheantas do cháilíochtaí chun reiligiún a mhúineadh, agus go n-íocfaí múinteoirí reiligiúin, ach nach bhféadfaí an curaclam, na hacmhainní, nó an measúnú ar theagasc reiligiúin a sholáthar go díreach ar bhealach a d'fhágfadh go bhféadfaí é a fhorléiriú mar rud a chuireann tuairim reiligiúnach ar leith chun cinn. Dá bharr sin, measadh go raibh soláthar an teagaisc reiligiúin mar chúram ar na heaglaisí agus ar na pobail chreidmheacha amháin a raibh a gcúram ag baint go príomha le cruthú creidimh a gcuid ball.

I mí Feabhra 1976, d'iarr Comhdháil Easpagóideach na hEaglaise Caitlicí in Éirinn go dtabharfadh an Roinn Oideachais Staidéar ar Reiligiún isteach, agus gur tuigeadh gur staidéar acadúil a bheadh ann den chreideamh Caitliceach, mar ábhar scrúdaithe. I 1977, tar éis don Roinn Oideachais diúltú dá n-iarratas, bhunaigh an Chomhdháil Easpagóideach Páirtí Oibre chun dréachtsiollabas a scríobh le haghaidh Staidéar ar Reiligiún don Ardteistiméireacht, agus cuireadh leagan leasaithe de sin faoi bhráid na Roinne Oideachais i 1982. Mar sin féin, mar gheall ar an gcosc a bhí ar scrúdú Stáit ar reiligiún níor glacadh le ceachtar den dá thogra. I 1986 agus 1989 ardaíodh ceisteanna sa Dáil maidir leis an bhféidearthacht Staidéar ar Reiligiún a thabhairt isteach mar ábhar scrúdaithe don Ardteistiméireacht. Ba é comhairle an Phríomh-Aturnae Stáit ná go mbeadh gá le leasú ar an *Intermediate Education Act, 1878* d'fhonn Staidéar ar Reiligiún a thabhairt isteach mar ábhar i gclár na hArdteistiméireachta. Tháinig an t-athrú maidir le soláthar an Stáit ar oideachas reiligiúin chun cinn arís in aighneacht 1995 na Comhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta (CNCM) chuig an Roinn Oideachais inar cuireadh ceithre chúis chun cinn chun tacú le soláthar an Stáit don oideachas reiligiúin ar an bhforas go mbeadh sé chun leasa an phobail agus rinneadh an argóint nach tionscadal eaglaiseach amháin a bhí i gceist leis níos mó. Ba iad seo na ceithre chúis (i) gairmiúlacht mhéadaithe múinteoirí oideachais reiligiúin, (ii) an raon méadaithe institiúidí a bhí ag fáil maoiniú poiblí agus ag tairiscint céimeanna speisialaithe i ndiagacht agus in oideachas reiligiúin, (iii) patrúin athraithe an chomhcheangail agus an chleachtais reiligiúin, agus (iv) an spreagadh polaitiúil chun caidrimh a fhorbairt idir na mór-reiligiúin in Éirinn. Moladh san aighneacht freisin go mbeadh bunús oideachais ann chun oideachas reiligiúin a chuimsiú sa churaclam:

*'Ba cheart go mbeadh oideachas reiligiúnach, ó thaobh deiseanna a thairiscint chun tuiscint threoraithe agus bhreithiúnach a fhorbairt maidir leis an traidisiún Críostaí ina bhunús stairiúil agus ina léiriú cultúrtha agus sóisialta, mar chuid de churaclam ina bhféachtar le forbairt bhreithiúnach agus chultúrtha an duine a chur chun cinn ina chomhthéacsanna nó ina comhthéacsanna sóisialta agus pearsanta.'*[10]

Ba é Acht Oideachais 1998 a réitigh an bealach le haghaidh rannpháirtíocht an Stáit in oideachas reiligiúin. Leis an leasú sin cuireadh tús leis an athrú diaidh ar ndiaidh sa tuiscint ar theagasc agus ar fhoghlaim an reiligiúin díreach mar chúram eaglasta amháin go dtí léirthuiscint faoi ról an reiligiúin ó thaobh oideachas a chur ar dhaoine faoi éagsúlacht, cearta an duine, saoránacht ghníomhach agus daonlathas agus dá bhrí sin mar ghníomhaíocht dhlisteanach de chuid an Stáit. Cheadaigh Comhairle CNCM siollabas an Teastais Shóisearaigh ag a cruinniú an 26 Bealtaine, 1998. I mí na Nollag 1998, cheadaigh an tAire Oideachais agus Eolaíochta an siollabas agus i mí Meithimh 1999, eisíodh *Ciorclán M* 19/99 do gach meánscoil agus tugadh cuireadh dóibh a bheith rannpháirteach i dtabhairt isteach céimnithe Oideachas Reiligiúin an Teastais Shóisearaigh.

Tugadh Oideachas Reiligiúin isteach mar ábhar scrúdaithe i gclár an Teastais Shóisearaigh sa bhliain 2000. Forbraíodh an siollabas sin bunaithe ar na nósanna imeachta céanna a bhí i bhfeidhm chun ábhair eile a fhorbairt agus tháinig sé chun cinn tar éis próiseas fada forbartha agus comhairliúcháin le páirtithe leasmhara ábhartha. Nuair a tugadh isteach an t-ábhar nua seo don Teastas Sóisearach cuireadh Oideachas Reiligiúin isteach i gcuraclam na hiar-bhunscoile i bPoblacht na hÉireann agus ba chlochmhíle thábhachtach a bhí ann, mar gur thacaigh ionadaithe ó na páirtithe oideachais agus ó na creidimh reiligiúnacha difriúla le tabhairt isteach an tsiollabais inar tugadh deis don scoláire measúnú a dhéanamh den chéad uair ar a chuid oibre san ábhar seo agus an obair sin a theistiú.

Mar shiollabas stáit a raibh sé mar aidhm aige a bheith oscailte do gach scoláire d'fhéach an cúrsa le hailíniú le haon reiligiún nó sainchreideamh ar leith a sheachaint. Thug sé creatlach don scoláire is cuma cén reiligiún lenar bhain sé nó mura bhain sé le haon reiligiún, *'a éascóidh a dteagmháil agus a gcaidreamh le traidisiúin éagsúla reiligiúin in Éirinn agus in áiteanna eile'* (Siollabas, lch 6).

Ar an taobh eile den scéal, chuaigh an siollabas thar chur chuige feiniméineolaíoch[11] maidir le hoideachas reiligiúin (a chuireann reiligiúin i láthair mar fheiniméin oibiachtúil le scrúdú nó le breathnú ag an scoláire ó achar sábháilte, gan rannpháirtíocht nó tiomantas). Soiléiríodh ann

---

[10] CNCM, 'Submission to the Department of Education and Science from the Course Committee for Religious Education' (Baile Átha Cliath: CNCM, 1995), lch 5.

[11] Tháinig an cur chuige feiniméineolaíoch maidir le hoideachas reiligiúin chun cinn ag deireadh an 20ú haois i gcomhthéacsanna neamhfhaoistiniúla sa Ríocht Aontaithe. Cuireann sé béim ar staidéar oibiachtúil, tuairisciúil agus neamh-mheastóireachta mar dhea de léirithe inbhraite reiligiúin.

‘*Tabharfar spreagadh agus tacaíocht dá réir sin do thaithí na ndaltaí ar reiligiún agus dá ndílseacht do thraidisiún áirithe reiligiúin, agus/nó don tóir atá fós acu ar bhrí na beatha* (Siollabas lch 4). Dá réir sin, rinneadh iarracht sa siollabas teagasc agus foghlaim *faoi* reiligiún agus *ó* reiligiún a éascú ionas go bhféadfadh an scoláire foghlaim *ó* reiligiún dá shaol féin agus *faoi* reiligiún mar ábhar acadúil.[12]

Is féidir oideachas reiligiúin mar chuid de churaclam stáit a achoimriú mar:

> *oideachas a chur ‘faoi’ agus ‘ó’ reiligiún i gcomhthéacs na scoile mar ábhar ar an gclár ama ina dtugann gníomhaireacht Stáit sainiú ar an gcuraclam (ina haonar nó i gcomhpháirtíocht le pobail chreidimh agus/nó le pobail a bhfuil prionsabail chreidimh acu), atá mar bhunús ag ‘clár coiteann’ a mhúintear ag an am céanna do na daltaí go léir (as gach creideamh reiligiúin agus gan chreideamh) mar chuid den lá scoile, agus a bhfuil cigireacht á dhéanamh air ag an údarás Stáit ábhartha, a úsáideann traidisiúin níos mó ná pobal creidimh amháin mar acmhainní foghlama, agus nach bhféachann, cé go bhféachann sé le hómós a léiriú do gach creideamh, le haon chreideamh amháin a chur chun cinn.* [13]

Sa chur chuige a ghlac an CNCM sna Treoirlínte do Mhúinteoirí[14] atreisítear an prionsabal nach amháin go bhfuil oideachas reiligiúin dírithe ar fhoghlaim faoi reiligiúin, ach go mbaineann sé freisin le rannpháirtíocht chriticiúil a bhforbraítear scileanna, dearcaí agus seasaimh dá barr, a theastóidh má tá duine chun a shaol a chaitheamh mar shaoránach cásmhar, ómósach agus machnamhach i sochaí iolraíoch. Dá bhrí sin, tá oideachas reiligiúin faisnéiseach agus foirmitheach.

## 2.3. Siollabas don Oideachas Reiligiúin sa Teastas Sóisearach (2000)

Tugadh isteach siollabas Oideachais Reiligiúin an Teastais Shóisearaigh ar bhonn céimnithe sa bhliain 2000. Rinne scoláirí as caoga scoil an chéad scrúdú in Oideachas Reiligiúin an Teastais Shóisearaigh i mí an Mheithimh 2003.

Leagtar síos sa réasúnaíocht le haghaidh shiollabas Oideachais Reiligiúin an Teastais Shóisearaigh 2000 go gcuidíonn Oideachas Reiligiúin leis an duine agus é ar thóir brí na beatha mar aon le léirthuiscint agus tuiscint an duine óig a fhorbairt maidir le traidisiúin reiligiúin éagsúla. *Is é is aidhm d’Oideachas Reiligiúin an Teastais Shóisearaigh creatlach a sholáthar do dhaltaí a éascóidh a*

[12] Laistigh de scoileanna atá bunaithe ar an gcreideamh, forbraíodh Treoirlínte chun cur ar chumas múinteoirí teagasc *i gcomhair* reiligiúin agus leanúint dá réir sin d’fhoirmiú creidimh, mar aon le bheith ag teagasc siollabas an Stáit. Féach mar shampla, Comhdháil Easpaig na hÉireann, *Guidelines for the Faith Formation and Development of Catholic Students: Junior Certificate Religious Education Syllabus* (Baile Átha Cliath, Veritas, 1999)
[13] Andrew McGrady, ‘Teaching Religion: Challenges and opportunities for educational practice within a pluralist context’ in *Toward Mutual Ground*, in eag. ag Gareth Byrne agus Patricia Kieran (Columba Press, 2013) lch. 83.
[14] *Oideachas Reiligiúin don Teastas Sóisearach – Treoirlínte do Mhúinteoirí,* CNCM/ROE, 2001.

*dteagmháil agus a gcaidreamh le traidisiúin éagsúla reiligiúin in Éirinn agus in áiteanna eile.* (Siollabas, lch 9) Ina theannta sin luaitear ann, *Ba chóir go ndéanfadh an tOideachas Reiligiúin deimhin de go mbíonn taithí ag na daltaí ar réimse leathan traidisiún reiligiúin agus ar an tuiscint tuata ar bheatha an duine.* (Siollabas, lch 8) É sin ráite áfach, cuirtear béim speisialta sa siollabas ar fhoghlaim faoin gCríostaíocht agus luaitear ann go ndéantar tagairt ar leith sa chúrsa do thraidisiún na Críostaíochta, mar aitheantas ar ról sonrach an traidisiúin sin agus na sainaicmí a chleachtann é, i saol na hÉireann.

Tá ról an Oideachais Reiligiúin ó thaobh caoinfhulaingt agus comhthuiscint a chur chun cinn deimhnithe mar aon leis an ról is féidir leis a bheith aige '*mar chuid den ullmhúchán le haghaidh freagrachtaí na saoránachta'.* Ina theannta sin, féachann an cúrsa le scileanna machnaimh, smaointeoireachta criticiúla, tuisceana agus cinnteoireachta morálta an scoláire a fhorbairt.

Tá **aidhmeanna** Oideachas Reiligiúin an Teastais Shóisearaigh leagtha amach mar seo a leanas:

- Tuiscint a chothú go mbaineann tóraíocht an duine ar bhrí na beatha leis an gcine daonna ar fad, is cuma cén aois atá acu nó cén ré lena mbaineann siad
- Iniúchadh a dhéanamh ar an gcaoi ar cuireadh, agus a gcuirtear fós, an tóraíocht seo ar bhrí na beatha in iúl i reiligiún
- A aithint go ndeachaigh tuiscintí ar Dhia, ar thraidisiúin reiligiúin, go háirithe traidisiún na Críostaíochta, chun leasa an chultúir ina mairimid agus go dtéann siad i bhfeidhm fós ar ár slí phearsanta maireachtála, ar chaidreamh idirphearsanta agus ar chaidreamh idir dhaoine aonair, a bpobail agus a mbaineann leo
- Tuiscint ar shaibhreas na dtraidisiún reiligiúin a chothú, agus aitheantas a thabhairt do thuiscintí ar an mbeatha nach bhfuil bunaithe ar reiligiún
- Forbairt spioradálta agus mhorálta an dalta a chur chun cinn. (Siollabas, lch 10)

Tá an siollabas tógtha ar chreat eolais, scileanna agus cur chuigí agus eagraítear an t-ábhar in dhá chuid:

CUID 1 Déanann an scoláire staidéar **ar dhá cheann ar bith** díobh seo a leanas:

| | |
|---|---|
| Rannóg A | Pobail Chreidimh |
| Rannóg B | Bunús an Reiligiúin – an Chríostaíocht |
| Rannóg C | Bunús an Reiligiúin – Mór-Reiligiúin Dhomhanda |

CUID 2 Déanann an scoláire staidéar **ar gach ceann** díobh seo a leanas:

Rannóg D Ceist an Chreidimh
Rannóg E Ceiliúradh an Chreidimh
Rannóg F Dúshlán na Moráltachta

Tá sraith aidhmeanna, cuspóirí, príomhchoincheapa agus cur síos ar an ábhar i ngach cuid.

Chomh maith le staidéar a dhéanamh ar chúig chuid, mar atá leagtha amach thuas, tabharfaidh an scoláire faoi bhailiúcháin shamplacha oibre agus déanfaidh sé a mhachnamh ar an mbailiúchán sin trí leabhrán pro-forma arna eisiúint ag Coimisiún na Scrúduithe Stáit (CSS). Roghnóidh an scoláire as liosta de dhá theideal déag a eisítear gach bliain – dhá cheann le haghaidh gach cuid den siollabas. Is fiú fiche faoin gcéad den mharc deiridh na bailiúcháin shamplacha oibre. Agus é ag tabhairt faoin mbailiúchán samplach oibre ceadaítear don scoláire oibriú i ngrúpaí nó cuairt a thabhairt nó iniúchadh a dhéanamh mar rang iomlán. Mar sin féin, ní mór do gach scoláire leabhrán aonair de bhailiúcháin shamplacha oibre a chomhlánú agus a chur isteach i gcomhair measúnú.

Is é is aidhm do bhailiúcháin shamplacha oibre

- éascú a dhéanamh ar úsáid modhanna éagsúla múinteoireachta agus foghlama
- forbairt scileanna mar seo a chur chun cinn: taighde agus anailís, ciall a bhaint as sonraí, eolas nó tuairimí a chur i láthair, srl.
- deis a thabhairt do na scoláirí teagmháil a dhéanamh le reiligiún mar chuid den saol
- éascú a dhéanamh ar iniúchadh ar ábhar a bhfuil suim faoi leith ag an dalta ann, nó ábhar is cás leis an dalta. (Siollabas lch 46)

Mairfidh an scrúdú scríofa i ndeireadh an chúrsa ar feadh dhá uair an chloig ag Gnáthleibhéal agus Ard-Leibhéal araon. Luaitear sa siollabas:

> *'Bunófar measúnú an Oideachas Reiligiúin don Teastas Sóisearach agus don Ardteistiméireacht ar na cuspóirí a bhaineann le heolas, le tuiscint, le scileanna agus le dearcadh, laistigh de gach rannóg den chúrsa. Cé go mbainfidh daltaí leas as a dtaithí féin ina gcuid freagraí, ní dhéanfar measúnú ar a ndílseacht phearsanta don chreideamh agus/ná ar a bpáirt i ngrúpa reiligiúnach áirithe, i scrúdú a mbronnfar teastas náisiúnta dá réir.* [15]

[15] *An Teastas Sóisearach: Siollabas Oideachais Reiligiúin, lch 45.*

Cuirtear i láthair sa tábla thíos líon na scoláirí a dhéanann an scrúdú in OR sa Teastas Sóisearach.

| Bliain | Líon iomlán na scoláirí sa Teastas Sóisearach | Líon na scoláirí a rinne an scrúdú in Oideachas Reiligiúin | Céatadán |
|---|---|---|---|
| 2008 | 54, 940 | 24,508 | 44% |
| 2009 | 55, 557 | 25,016 | 45% |
| 2010 | 56,086 | 25,930 | 46% |
| 2011 | 56, 930 | 26,845 | 47% |
| 2012 | 58, 798 | 28,605 | 49% |
| 2013 | 59, 822 | 28,850 | 48% |
| 2014 | 60, 327 | 28,598 | 47% |
| 2015 | 59, 522 | 27,408 | 46% |
| 2016 | 60,248 | 27,328 | 45% |

*Tábla 1: Líon na scoláirí a roghnaigh Oideachas Reiligiúin sa Teastas Sóisearach*

Tugtar eolas i dTábla 1 faoi líon na scoláirí a roghnaigh Oideachas Reiligiúin sa Teastas Sóisearach agus níor tháinig aon athrú ar an uimhir sin le blianta anuas, agus beagnach leath d'iarrthóirí an Teastais Shóisearaigh ag déanamh an scrúdaithe in OR. Léiríonn staitisticí ó CSS go roghnaíonn thart ar 5,500 scoláire an scrúdú Gnáthleibhéal i gcónaí – duine as gach ceathrar scoláirí sna chéad bhlianta agus thart ar duine as gach cúigear le gairid anuas. Níl an bhearna idir líon na mbuachaillí agus na gcailíní a roghnaíonn an t-ábhar chomh suntasach sin ach roghnaíonn níos mó cailíní an t-ábhar. Tá a fhios againn freisin go ndéanann líon mór scoláirí staidéar ar shiollabas OR an Teastais Shóisearaigh (nó codanna de) gan an scrúdú féin a dhéanamh. B'fhéidir go dtarlaíonn sé sin mar gheall go n-úsáidtear téacsleabhair a leanann an siollabas.

## 2.4. Naisc le hOideachas Reiligiúin na bunscoile agus na hArdteistiméireachta

**Oideachas Reiligiúin i gCuraclam na Bunscoile**

Tá Oideachas Reiligiúin (OR) ar cheann de 12 ábhar i gCuraclam na Bunscoile 1999. Is ábhar sainiúil é toisc go luíonn an fhreagracht maidir le clár OR a sholáthar leis na pátrúin agus ní leis an Stát. Tugtar aird ar chearta na bpátrún difriúil chun cláir a dhearadh in Oideachas Reiligiúin agus chun a dteagasc agus a gcur i bhfeidhm a mhaoirsiú. Tá OR sainiúil freisin toisc gurb é an t-aon ábhar curaclaim é óna dteastaíonn am teagaisc laethúil (An tAcht Oideachais, 1998, alt 32b). Tugtar an réasúnaíocht seo a leanas i gCuraclam na Bunscoile maidir le OR a chuimsiú i gcuraclam na bunscoile:

> *Is gné bhunúsach é an diminsiún spioradálta den eispéireas aonair, agus is cuid dodhealaithe de stair is de chultúr na hÉireann é nochtadh reiligiúnach agus cultúrtha an diminsiúin sin. Go sonrach, cuireann oideachas reiligiúnach ar chumas an pháiste luachanna spioradálta agus morálta a fhorbairt agus teacht ar eolas ar Dhia.*[16]

Mar sin féin, ní chuireann an curaclam teorainn ar fhorbairt spioradálta an pháiste ó thaobh a rannpháirtíocht le OR amháin. Cuirtear an tábhacht a luann an curaclam le forbairt spioradálta an pháiste in iúl trí fhairsinge na n-eispéireas foghlama a chuireann an curaclam ar fáil, trí oideachas reiligiúnach a áireamh mar ghné amháin den churaclam, agus trí na páistí a bheith gafa le fearainn aeistéitiúla agus mhothaitheacha na foghlama.[17]

Le blianta beaga anuas, bhí baint ag an CNCM le tograí a fhorbairt le haghaidh curaclaim in Oideachas faoi Reiligiúin agus faoi Chreidimh (ORC) agus Eitic. Is cuid lárnach de thiomantas an rialtais tacaíocht a thabhairt do chuimsiú agus éagsúlacht níos mó i mbunscoileanna é ORC agus Eitic. I ndiaidh próiseas comhairliúcháin, tháinig roinnt tosca comhthéacsúla chun cinn a bhfuil tionchar díreach acu ar an méid a bhí molta in ORC agus Eitic. Ina measc sin: an fhoráil in Acht Oideachais (1998) maidir le cearta an chomhlachta pátrúin; struchtúr chóras an bhunoideachais – agus 96% de scoileanna faoi phátrúnacht shainchreidmheach; taithí na scoileanna ar ró-ualach curaclaim agus na dúshláin ghaolmhara a bhaineann le teagasc agus foghlaim ar fud an churaclaim bunscoile ar fad[18].

---

[16] An Roinn Oideachais agus Eolaíochta, *Curaclam na Bunscoile, Réamhrá* (1999), lch 58.
[17] *Curaclam na Bunscoile,* lch 27.
[18] www.ncca.ie/consultation/erbe

## Oideachas Reiligiúin san Ardteistiméireacht

Deimhnítear i siollabas Oideachais Reiligiúin na hArdteistiméireachta, a tugadh isteach in 2003, cúig aidhm ghinearálta an oideachais reiligiúin atá leagtha síos i siollabas Oideachais Reiligiúin an Teastais Shóisearaigh. Leagtar síos ann réasúnaíocht láidir maidir le hoideachas reiligiúin a chuimsiú sa churaclam.

> *Tá rian nach féidir a ghlanadh fágtha ar stair an chine daonna ag na traidisiúin reiligiúnacha. Cuid de stair shaibhir ár n-oidhreachta cultúrtha in Éirinn í an Chríostaíocht, agus páirt nach beag aici i múnlú na físe atá againn dínn féin, dár saol, agus dár ngaolmhaireachtaí le dreamanna eile. Chun feidhmiú go héifeachtach i gcultúr atá ag éirí níos casta de réir a chéile, is gá go mbeadh tuiscint ag daoine aonair ar éagsúlacht na dtraidisiún reiligiúnach, agus tuiscint do shaibhreas na mórthraidisiún reiligiúnach a chasfar orthu, ní hamháin in Éirinn, ach san Eoraip agus i gcomhthéacs domhanda níos leithne. Ina theannta sin éilíonn an cultúr nua-aimseartha ar dhuine dul i ngleic leis an bhfreagra saolta ar an eispéireas daonna.*[19]

Maidir le hOideachas Reiligiúin, luaitear sa siollabas *Tá ról ar leith sa churaclam aige ó thaobh caoinfhulaingt agus comhthuiscint a chur chun cinn.'*[20]Cuirtear béim freisin ar an tábhacht atá le fiosrú criticiúil. '*Caithfidh an dalta a leanann den chúrsa staidéir seo ról an cheisteora chriticiúil agus ról an chuardaitheora mhachnamhaigh a ghlacadh chuige/ chuici féin.*'[21]

Tá an cúrsa eagraithe timpeall ar deich roinn. Ní mór don scoláire staidéar grinn a dhéanamh ar cúig roinn, lena n-áirítear Roinn A – **Ag cuardach brí agus luachanna,** atá éigeantach. Déantar staidéar ar dhá cheann ar bith ó Aonad a Dó: **An Chríostaíocht: Bunús agus Leaganacha Comhaimseartha, Reiligiúin an domhain,** agus **Cinneadh morálta.** Déantar staidéar ar dhá roinn as Aonad a Trí, agus tá ceann acu sin curtha ar leataobh i gcomhair obair chúrsa ag an Roinn Oideachais agus Scileanna. Is iad sin: **Reiligiún agus Cúrsaí Inscne, Saincheisteanna córa agus síochána, Adhradh, urnaí agus deasghnátha, An Bíobla: litríocht agus téacs naofa, Cúrsaí Reiligiúin: taithí na hÉireann,** agus **Reiligiún agus an eolaíocht.** Bronntar 20% den mharc deiridh ar gach ceann de na cúig roinn a roghnaítear i gcomhair staidéir, cibé mar chuid d'obair chúrsa nó don scrúdú deiridh.

Is beag scoláirí a roghnaíonn Oideachas Reiligiúin san Ardteistiméireacht, idir 2% agus 2.5% de na scoláirí go léir a dhéanann an Ardteistiméireacht. Ina chuid oibre b'fhéidir go smaoineodh an grúpa forbartha do Oideachas Reiligiúin ar an gcúis go dtugann beagnach 50% de scoláirí an Teastais

[19] An Roinn Oideachais agus Eolaíochta, *Siollabas Oideachais Reiligiúin na hArdteistiméireachta,* (Baile Átha Cliath: An Oifig Stáiseanóireachta, 2003), lch 3.
[20] Siollabas Oideachas Reiligiúin na hArdteistiméireachta, lch 3.
[21] Siollabas Oideachas Reiligiúin na hArdteistiméireachta, lch 4.

Shóisearaigh faoi Oideachas Reiligiúin agus nach dtéann ach líon an-bheag ar aghaidh leis an ábhar san Ardteistiméireacht.

*Tábla 2 Líon na scoláirí a scrúdaíodh in Oideachas Reiligiúin na hArdteistiméireachta 2010-2016*

| Bliain | Líon na scoláirí a roghnaigh Oideachas Reiligiúin don AT | Líon iomlán na n-iarrthóirí | Céatadán |
|---|---|---|---|
| 2010 | 962 | 54,480 | 1.8% |
| 2011 | 1,085 | 54,344 | 2.0% |
| 2012 | 1,186 | 52,592 | 2.3% |
| 2013 | 1,280 | 52,767 | 2.4% |
| 2014 | 1,221 | 54,026 | 2.2% |
| 2015 | 1,167 | 55,045 | 2.2% |
| 2016 | 1,320 | 53,838 | 2.5% |

| Achoimre ar an Rannóg |
|---|
| Tharla forbairt ollmhór in éabhlóid an ábhair nuair a tugadh isteach Oideachas Reiligiúin an Teastais Shóisearaigh mar ábhar scrúdaithe. Tá siollabas 2000 fréamhaithe i dtuiscint iomlánaíoch an scoláire. Deimhníonn sé an ról gur féidir leis an oideachas reiligiúin a bheith aige ó thaobh spás i gcomhair plé agus oibriú le ceisteanna a bhaineann le brí chomh maith le léirthuiscint agus tuiscint daoine óga ar thraidisiúin reiligiúin éagsúla agus tuairimí tuata. Éascaíonn sé an fhoghlaim *faoi* reiligiún (ar bhealach acadúil) agus *ó* reiligiún (críonnacht a bhaint amach do shaol an duine féin). Mar shiollabas stáit, cuimsítear scoláirí as gach cúlra creidimh sa chúrsa mar aon le scoláirí a bhfuil creidimh agus prionsabail chreidimh eile acu. Tógann beagnach 50% de scoláirí an Teastais Shóisearaigh OR mar ábhar scrúdaithe i láthair na huaire. Déanfaidh an grúpa forbartha machnamh ar chomh mór is atá réasúnaíocht, ardmhianta agus aidhmeanna an tsiollabais ábhartha inniu agus beidh siad mar threoir ag an tsonraíocht nua. |

# 3. Taithí Oideachais Reiligiúin an Teastais Shóisearaigh

Sula mbreithnítear an t-ábhar i sonraíocht nua Oideachais Reiligiúin, tá sé áisiúil iniúchadh a dhéanamh ar thaithí scoláirí, múinteoirí, agus dreamanna eile leis an siollabas reatha. Toisc nach bhfuil taighde foilsithe ann a bhaineann go díreach le taithí ar Oideachas Reiligiúin an Teastais Shóisearaigh féachtar sa rannóg seo roinnt léargais a thabhairt ar chur i bhfeidhm an tsiollabais reatha. Chuige sin, tá sé áisiúil Tuairisc Phríomhscrúdaitheoir CSS a chur san áireamh, torthaí ó thuairiscí Cigireachta ón Roinn Oideachais agus Scileanna, agus na tuairimí atá ag múinteoirí agus ag scoláirí bunaithe ar roinnt cruinnithe le fócasghrúpaí le déanaí agus ar shuirbhéanna a rinne an CNCM.

## 3.1. Tuarascálacha CSS agus ROS

Foilsíodh Tuairisc an Phríomhscrúdaitheora maidir le hOideachas Reiligiúin in 2008. Cé go raibh an Tuairisc sin bunaithe ar scrúdú aonair agus go bhfuil sí beagnach deich mbliana d'aois anois, tugadh roinnt rudaí úsáideacha faoi deara inti. Baineadh de thátal as sa tuairisc gur éirigh le móramh na n-iarrthóirí a rinne an scrúdú Gnáthleibhéal *'déileáil go han-mhaith le héilimh an scrúdaithe'* agus *'thaispeáin siad eolas maith, tuiscint agus léirthuiscint ar na cuspóirí siollabais a bhí á measúnú.'*[22] Uaireanta léirigh scoláirí easpa tuisceana maidir le leideanna ceisteanna a úsáidtear go minic cosúil le 'déan cur síos', 'mínigh', 'tabhair breac-chuntas' srl a úsáidtear sa pháipéar scrúdaithe. Ar an gcaoi chéanna, níorbh léir go raibh roinnt iarrthóirí a rinne an scrúdú Ardleibhéal cleachtach ar bhrí leideanna na gceisteanna mar 'déan cur síos' nó 'déan próifíliú' agus níorbh léir go raibh roinnt acu cleachtach ar choincheapa agus ar théarmaíocht a bhain leis an gcúrsa cosúil le 'gairm' agus 'deasghnáth'. Ba í an cheist ar reiligiúin an domhain i Roinn 4 den pháipéar scrúdaithe an ceann is lú a roghnaigh iarrthóirí AT (ráta freagartha 42%) agus thug líon níos airde d'iarrthóirí Ardleibhéal faoin gceist sin (59%). Ar an iomlán, thug na scrúdaitheoirí faoi deara gur thug na hiarrthóirí freagraí an-mhaith sa pháipéar scrúdaithe scríofa agus sa bhailiúchán shamplach oibre.

Agus athbhreithniú á dhéanamh ar scór tuairisc ón bpríomhscrúdaitheoir le haghaidh Oideachas Reiligiúin is féidir breathnuithe agus moltaí fiúntacha a bhaint as. Dealraítear ó na tuairiscí go raibh tacaíocht mhaith don ábhar sna scoileanna agus go raibh áit thábhachtach ag an Oideachas Reiligiúin i gcuraclam na scoile. I bhformhór scoileanna tugadh an leithdháileadh ama a bhí molta le haghaidh

[22] Coimisiún na Scrúduithe Stáit, *Scrúdú an Teastais Shóisearaigh 2008, Oideachas Reiligiúin, Tuairiscí an Phríomhscrúdaitheora,* lch 17

ábhar na sraithe sóisearaí don ábhar. Bhí na hacmhainní a bhí ar fáil chun O.R. a theagasc, lena n-áirítear TFC go maith tríd is tríd. Bhí fianaise ann ar phleanáil chomhoibritheach mhaith agus i bhformhór cásanna, bhí cáilíochtaí speisialaithe ag múinteoirí O.R. mar ábhar scrúdaithe. Léiríodh i dtuairiscí go raibh cumas measctha i bhformhór na ranganna agus go raibh na scoláirí ag foghlaim go héifeachtach le chéile. Léirigh na scoláirí eolas maith ar na príomhchoincheapa a bhí mar bhonn is mar thaca leis an gcúrsa Oideachais Reiligiúin ag ardleibhéal agus gnáthleibhéal araon.

Cé go ndéantar cur síos sna tuairiscí ar go leor samplaí d'obair idir beirteanna agus obair ghrúpa is cosúil gurb é an straitéis teagaisc is mó a úsáideadh ná obair ranga uile agus an múinteoir i gceannas ar cheisteanna a chur sa rang agus ar an bplé sa rang. D'úsáid múinteoirí ceisteanna go minic sna ceachtanna chun na scoláirí a spreagadh agus seiceáil cibé ar thuig siad na topaicí a bhí á bplé. I roinnt ceachtanna, tugadh deiseanna do scoláirí a gcuid eolais a léiriú agus chun a gcuid tuairimí pearsanta a thabhairt, agus tacaíocht acu ó chúiseanna agus samplaí. I gcinn eile, áfach, níor tugadh dóthain 'ama feithimh' agus cailleadh amach ar dheiseanna do scoláirí a gcuid eolais agus tuisceana ar thopaicí a chur in iúl, a shoiléiriú agus a leathnú ó bhéal.

Moladh i gcuid mhaith tuairiscí gur chóir tuilleadh deiseanna a thabhairt chun scileanna smaointeoireachta criticiúla agus machnaimh an scoláire a fhorbairt chun deis a thabhairt don scoláire tuiscint eolasach agus chriticiúil a fhorbairt maidir leis na topaicí. Aithníodh freisin scóip chun forbairt bhreise a dhéanamh ar dheiseanna foghlama turgnamhacha. Cé gur tugadh deiseanna faoi deara i gcuid de na ceachtanna don scoláire dul i ngleic leis na topaicí agus iad a cheangal lena thaithí féin, moladh go dtabharfaí tuilleadh deiseanna don scoláire smaoineamh go mion ar topaicí dó féin, mar aon le deiseanna chun machnamh a dhéanamh ar cad atá á fhoghlaim aige.

Léirítear freisin sna tuairiscí a ndearnadh scrúdú orthu go raibh gá níos mó airde a thabhairt ar scileanna cumarsáide ó bhéal a fhorbairt laistigh den rang O.R. Ina theannta sin, moladh do mhúinteoirí teicnící ceistiúcháin a úsáid chun machnamh agus smaointeoireacht d'ord níos airde a spreagadh. Thugtaí freagra gearr, ar cheistiú d'ord níos ísle den chuid is mó sna ceisteanna a cuireadh sa rang agus san obair baile. Moladh gníomhaíochtaí fairsingithe mar díospóireacht, meastóireacht, comparáid agus codarsnacht a dhéanamh, agus anailísiú.

I bhformhór scoileanna, dhealraigh sé gur glacadh le cur chuige líneach maidir leis an siollabas a theagasc. I gcuid mhaith scoileanna, thug Cigirí faoi deara gur chinn aois an téacsleabhair an t-ord ina ndearnadh staidéar ar na topaicí. Sa chomhthéacs sin, moladh do scoileanna gur cheart a bheith cúramach chun a chinntiú gurb é an siollabas agus riachtanais na scoláirí, a shocródh an scéim oibre don rang, seachas na téacsleabhair a bhí in úsáid sa rang.

Chomh fada is a bhaineann sé le measúnú, moladh múinteoirí go hard as obair baile a thabhairt agus a cheartú agus as scrúduithe a thabhairt don rang ar mhaithe le dhul siar ar rudaí. Moladh gur chóir scoláirí a spreagadh chun a gcuid scileanna tuisceana agus criticiúla féin a fhorbairt trí tascanna measúnaithe a leagan síos a d'éascódh machnamh agus smaointe forbartha.

## 3.2. Tuairimí na múinteoirí

Chun críche an pháipéir seo, cuireadh cruinniú fócasghrúpa ar siúl le hochtar múinteoirí O.R. a bhfuil taithí acu i mí na Bealtaine 2017. Tháinig na múinteoirí ó shocruithe scoile éagsúla. Bhí an plé leagtha amach timpeall ar thrí phríomhcheist – Na rudaí a oibríonn go maith sa siollabas reatha? Cad ba cheart a athrú? Cén dóchas atá agat le haghaidh sonraíochta nua?

### ***Na rudaí a oibríonn go maith sa siollabas reatha?***

Is maith le múinteoirí go dtugann an rang O.R. deis chun labhairt le scoláirí agus aithne a chur orthu ar bhealach eile le hais mar is féidir a dhéanamh nuair a bhíonn ábhair eile á múineadh. Is maith leo na deiseanna a chuireann an siollabas ar fáil chun dul i ngleic ar bhealach níos doimhne le ceisteanna bhrí na beatha do dhaoine óga. Mar sin féin, dúirt siad freisin mar gheall ar an méid ollmhór ábhar atá le cumhdach go dtagann sé sin salach ar na deiseanna atá ann leas a bhaint as ceistiúchán, plé agus machnamh. Mar a deir múinteoir amháin *'Nuair a chuireann siad (scoláirí) ceist mhaith, ní bhíonn an t-am ann an cheist sin a leanúint suas.'*

Is maith le múinteoirí freisin gur féidir an siollabas reatha a chur in oiriúint do chomhthéacs agus d'éiteas scoile, gné atá an-tábhachtach dar leo. D'aontaigh na múinteoirí go gcuireann an siollabas raon traidisiún agus dearcthaí reiligiúin os comhair na scoláirí a mheasann siad a bheith níos tábhachtaí ná riamh in Éirinn atá níos ilchultúrtha. Sa chomhthéacs sin, creideann siad gur chuidigh an siollabas reatha chun ómós agus comhthuiscint a chur chun cinn. D'aontaigh múinteoirí freisin go bhforbraíonn an staidéar a dhéanann an scoláire ar O.R. sa Teastas Sóisearach litearthacht reiligiúin agus an tuiscint atá aige ar phríomhchoincheapa a bhaineann leis an ábhar.

Chomh fada is a bhaineann sé le topaicí a thaitníonn le scoláirí, d'aontaigh siad go bhfuil spéis mhór ag scoláirí foghlaim faoi na reiligiúin difriúla agus gur maith leo a bheith ag foghlaim faoi dhaoine inspioráideacha mar Martin Luther King, Gandhi agus eagraíochtaí, cosúil le Naomh Uinseann de Pól.

Aontaíonn na múinteoirí go bhfuil an bailiúchán samplach oibre fiúntach agus is maith le scoláirí a bheith ag déanamh na hoibre sin de ghnáth. Mar sin féin, cáineann siad an próiseas a bhaineann leis na samplaí a scríobh agus tá siad go léir ar aon intinn go gcruthaíonn formáid an leabhráin agus na ceisteanna/leideanna deacrachtaí do líon mór scoláirí. Thug siad faoi deara cé go n-oibríonn na

scoláirí go maith leis an mbailiúchán de shamplaí oibre go mbíonn siad ag streachailt go minic lena scríobh. Labhair na múinteoirí faoi na scoláirí a chóitseáil chun an bailiúchán samplaí a scríobh chun na marcanna is airde a fháil. Dúirt múinteoir amháin, *'Nuair a d'fhoghlaim mé an chaoi a n-oibríonn an mharcáil tháinig deireadh ansin leis an gcruthaitheacht.'*

### *Cad ba cheart a athrú?*

Bhí fócasghrúpa na múinteoirí ar aon intinn go bhfuil an iomarca ábhar sa chúrsa agus go gcaithfear é a ghearradh siar chun tuilleadh ama a thabhairt chun smaointeoireacht níos doimhne agus plé sa seomra ranga a éascú. Bhí siad ar aon intinn go rabhthas ag díriú an iomarca ar fhíricí agus sainmhínithe a fhoghlaim agus nach raibh dóthain scóipe ann le haghaidh foghlaim dírithe ar an scoláire agus dírithe ar fhiosrúchán. Ba mhaith leo tuilleadh béime a fheiceáil á cur ar scileanna smaointeoireachta a fhorbairt, lena n-áirítear na scileanna a bhaineann le fiosrú agus ceistiú fealsúnach. *'Ní mór cead a bheith ag an scoláire fiafraí 'cén fáth mar sin'? agus ceisteanna reiligiúin a nascadh leis an saol féin.'* Ba mhaith leis na múinteoirí freisin go leagfaí an cúrsa amach timpeall ar cheist na scoláirí cosúil le 'cad a tharlaíonn nuair a fhaighimid bás?' *'Nílimid ag tabhairt am dóibh labhairt faoi na rudaí seo'.*

Ar an gcaoi chéanna, d'airigh siad go bhfuil teanga an scrúdaithe ró-dhiaganta agus go bhfuil na ceisteanna *'ró-fhíriciúil agus bunaithe ar sainmhínithe.* Dar le múinteoir amháin, *'D'fhéadfá na ceisteanna go léir a fhreagairt ach is beag tuisceana a bheadh agat fós féin.'* Dúirt siad freisin go bhfuil teanga an pháipéir scrúdaithe deacair agus nach dtugann na ceisteanna deis do na scoláirí an méid atá ar eolas acu a thaispeáint. *'Dírítear níos mó ar an bpáiste acadúil agus bíonn drochmhisneach ar na scoláirí eile nuair a fheiceann siad na ceisteanna sa scrúdú. Ní bhíonn go leor scoláirí ag iarraidh staidéar a dhéanamh ar O.R. mar gheall ar an scrúdú.'*

Dúirt na múinteoirí san fhócasghrúpa go gcaithfidh an cúrsa a bheith sách solúbtha chun scoileanna a bhfuil difríochtaí móra eatarthu a éascú ó thaobh éiteas scoile de agus éagsúlacht chúlraí na scoláirí. Chuige sin, dhírigh múinteoirí ar an ngá atá le sonraíocht ina mbainfí cothromaíocht amach idir teagasc faoin gCríostaíocht agus teagasc faoi reiligiúin eile, mar aon le dearcthaí agus tuairimí domhanda tuata. I measc roinnt de na tuairimí a bhí ag na múinteoirí maidir leis sin bhí siad seo a leanas:

> *Glactar leis sa chúrsa go bhfuil creideamh ann! Níor cheart díreach glacadh leis ná níor cheart gur réamhriachtanas é.*

> *Ba cheart don chúrsa scoláirí a bhfuil creideamh acu a éascú agus iad a chothú ach ar an gcaoi chéanna ba cheart deis a thabhairt dóibh siúd nach mbaineann le traidisiún reiligiúnach a bheith rannpháirteach.*

Cé gur aontaigh na múinteoirí go n-oireann roinn A den siollabas reatha ar an bPobal go han-mhaith don chéad bhliain agus go gcruthaítear naisc thraschuraclaim ann cheistigh siad cibé an bhfuil gá leis an topaic sin anois mar chuid de chlár O.R. nua toisc go mbíonn scoláirí ag gabháil don topaic sin freisin tríd OSPS agus OSSP. Mhol siad go mb'fhéidir go bhféadfaí snáithe ar a dtabharfaí 'bunsraitheanna reiligiúin' nó 'bunúis reiligiúin' a áireamh sa tsonraíocht nua ina mbreathnófaí ar na bealaí inar léirigh daoine an chaoi ar lorg siad brí na beatha de réir a chéile. Thabharfadh sé sin deis freisin do scoláirí naisc a dhéanamh leis an tóraíocht a dhéanann siad féin ar bhrí na beatha agus le léirithe comhaimseartha reiligiúin agus creidimh, mar shampla, trí cheol, na healaíona agus cultúr pobail.

Cé gur aontaigh na múinteoirí go bhfuil tábhacht le topaic na moráltachta, dúirt siad go ndéantar an chuid seo den siollabas (Roinn F) go minic faoi dheifir, agus ag deireadh cúrsa atá róphlódaithe mar atá sé cheana féin, agus mar gheall ar an mbéim iomarcach a chuirtear ann ar theoiric, éiríonn na scoláirí tuirseach nó bréan de. Mar sin féin, d'aontaigh siad go raibh cumas breá sa topaic seo chun leagan amach as an nua a chur air, bunaithe ar cheisteanna a mbeadh ceangal acu le spéiseanna na scoláirí agus le saincheisteanna comhaimseartha a bhaineann leis an domhan mór. Ar an gcaoi chéanna, mhol siad go bhféadfadh Roinn D, Ceist an Chreidimh, leas a bhaint as *'dul thar na gnáthrudaí'* chun samplaí eile de dhaoine a nascann creideamh agus gníomh a phlé agus go bhféadfadh sé foghlaim phraiticiúil a spreagadh freisin trí bheith ag gabháil do cheartas sóisialta/saoránacht ghníomhach/forbairt inbhuanaithe. Ba mhaith leis na múinteoirí tuilleadh deiseanna a fheiceáil le dul i mbun foghlama lasmuigh den seomra ranga. Dúirt roinnt acu nár thaitin Roinn E, Ceiliúradh an Chreidimh, lena gcuid scoláirí, toisc go bhfuil sé rófhada agus ní fheiceann na scoláirí aon cheangal idir é agus a saol féin. Mar fhocal scoir, mhol líon beag de na múinteoirí go mbeadh an caidreamh idir eolaíocht agus reiligiún agus an tionchar a bhíonn ag reiligiún ar an tsochaí agus ar pholaitíocht ina n-ábhair arbh fhiú smaoineamh orthu i sonraíocht nua.

### *Cén dóchas atá ag múinteoirí le haghaidh sonraíochta nua?*

Roinn na múinteoirí a bhí rannpháirteach san fhócasghrúpa raon dóchais maidir leis an méid a d'fhéadfadh an tsonraíocht nua a bhaint amach. Mar achomair, bhí dóchas ag na múinteoirí *go dtabharfadh an cúrsa spás do scoláirí dul i ngleic leis na mórcheisteanna - ceisteanna fúinn féin mar dhaoine agus brí agus cuspóir na beatha; go gcuirfí ar chumas scoláirí a gcuid tuairimí féin a*

*fhorbairt agus a bheith ina smaointeoirí géarchúiseacha agus neamhspleácha; go gcuirfeadh sé caoinfhulaingt, ómós agus spiorad cúraim chun cinn bunaithe ar ár ndaonnacht chomhroinnte, agus go gcuideodh sé le scoláirí an ghné spioradálta dá saol a fhorbairt agus braistint iontais a chruthú iontu.'*

## 3.3. Guth an scoláire

Sa tionscadal Guth an Scoláire faightear dearcthaí an scoláire i roinnt scoileanna iar-bhunoideachais maidir le forbairtí i gcuraclam agus measúnú. Is é is aidhm don tionscadal dul i gcomhairle le scoláirí mar shaineolaithe dá dtaithí féin ar an bhfoghlaim agus a gcuid léargais a chuimsiú sa deis seo an curaclam a fhorbairt. Tá aird agus ionchur faighte ag an tionscadal ó scoláirí i dtaca le raon doiciméad curaclaim go dtí seo.

Bhí cruinnithe fócasghrúpaí ar siúl le ceithre ghrúpa scoláirí as an 3ú agus 4ú bliain as scoileanna difriúla i rith Aibreán/Bealtaine 2017. Roghnaíodh scoláirí chun páirt a ghlacadh agus é mar aidhm a chinntiú go ndéanfaí ionadaíocht ar raon cumais agus cúlraí i ngach grúpa. Phléigh gach grúpa na ceisteanna céanna:

- Cad is maith leat a fhoghlaim/cad a thaitin leat a fhoghlaim i siollabas reatha O.R. na sraithe sóisearaí?
- Cad nach dtaitníonn/nár thaitin leat? Cad ba cheart a athrú?
- Cad a cheapann tú faoi bhailiúcháin shamplacha oibre agus faoin scrúdú scríofa?
- Ag deireadh na dtrí bliana, cad is dóigh leat ba cheart do scoláirí a thabhairt leo ó staidéar a dhéanamh ar O.R.?

### *Na rudaí a thaitníonn le scoláirí*

Ba léir go raibh taithí dhearfach ag na scoláirí a bhí páirteach sna fócasghrúpaí de O.R. na Sraithe Sóisearaí agus go bhfaca siad a luach sa churaclam[23]. Dhírigh siad ar raon topaicí a thaitníonn leo.

[23] Tá sé le feiceáil freisin i dtaighde ina bhfuarthas amach go bhfuil ardleibhéil thacaíochta do oideachas reiligiúin a mhúineadh i scoileanna i measc cailíní idir 13-15 bliana d'aois atá i mbun staidéir in Éirinn agus san Alban. Francis, L., Byrne, G., Sweetman, B. & Penny, G. (2016). *Growing up female and Catholic in the Republic of Ireland and Scotland: The intersectionality of religious identity, religious saliency, and nationality* in L. J.

Dúirt na scoláirí go léir gur maith leo a bheith ag foghlaim faoi reiligiúin an domhain agus ba bhreá leo a bheith in ann tuilleadh a dhéanamh sa réimse sin. Chuir siad in iúl go soiléir cén fáth ar cheap siad gur cuid thábhachtach den chúrsa é sin, ag tagairt don ghá atá le tuiscint níos mó maidir leis na reiligiúin éagsúla sa domhan inniu. Mhothaigh siad gur chuidigh an staidéar a rinne siad ar O.R. leo ómós agus tuiscint a fháil maidir leis na creidimh agus na cultúir éagsúla. Ar an gcúis sin, mheas go leor scoláirí gur cuid thábhachtach den churaclam é Oideachas Reiligiúin. Dúirt scoláire amháin, *'Tá sé tábhachtach reiligiún a dhéanamh fiú mura gcreideann tú féin.'* Dúirt duine eile, *'b'fhéidir nach Caitliceach ná Moslamach thú ach tá sé tábhachtach foghlaim faoi reiligiúin éagsúla.'* Ba mhaith leo dá ndíreofaí níos mó sa chúrsa nua ar raon reiligiún domhanda agus ar mhion-chreidimh agus ar thuairimí domhanda tuata.

Chuir roinnt scoláirí in iúl go dtuigeann siad gur thug Oideachas Reiligiúin deis dóibh bunús fhoirmeacha difriúla d'antoisceachas reiligiúnach a phlé agus go n-airíonn siad anois go bhfuil siad níos ábalta saobhadh reiligiúin a aithint. Rinne siad tagairt don ardú atá tagtha ar Ioslamafóibe agus don ról atá ag Oideachas Reiligiúin ó thaobh cur i gcoinne claontachta agus na míthuisceana.

Mhothaigh go leor scoláirí go bhfuil moráltacht an-spéisiúil agus áisiúil mar gheall *'go mbeidh roghanna le déanamh againn amach anseo'* agus mar gheall *'go dtugann sé léargas eile dom ar an saol... bím níos fearr ionam féin dá bharr.'* Is maith le scoláirí nuair a thugtar deis dóibh topaicí conspóideacha a phlé cosúil le *'ginmhilleadh nó eotanáis'* agus *'ceisteanna faoin saol agus an chúis go bhfuilim anseo'.*

Is maith le scoláirí freisin nuair a nascann a gcuid múinteoirí na topaicí le saol agus le riachtanais an scoláire féin. Mar shampla, dúirt grúpa amháin gur thaitin sé leo nuair a mhúin a múinteoir dóibh conas machnamh a dhéanamh *'toisc gur rud é seo a d'fhéadfadh dul chun leasa dúinn an chuid eile dár saol'.* Dúirt scoláirí ó chreidimh mhionlaigh (cur i gcás scoláirí Ceartchreidmheacha Gréagacha agus Moslamacha) gur maith leo deis a fháil labhairt faoin gcreideamh sa rang. Dúirt go leor scoláirí freisin gur thaitin sé leo '*an chaoi nár dhírigh an cúrsa díreach ar dhaoine a bhfuil creideamh acu ach gur díríodh freisin ar dhaoine nach raibh aon chreideamh acu nó nach raibh cinnte faoina gcreideamh'.*

---

Francis agus J. Astley (Eag.), *Diversity and intersectionality: Studies in religion, education, and values*. Oxford, 2016, lch 86.

### *Na rudaí nach dtaitníonn le scoláirí*

Cé go ndúirt formhór na scoláirí gur maith leo a bheith ag déanamh na dtascanna a bhain leis an mbailiúchán de shamplaí oibre ní maith leo a bheith ag scríobh an bhailiúcháin agus dúirt scoláire amháin '*ní fhoghlaimíonn tú aon rud uaidh sin.'* Dúirt go leor scoláirí gur mhaith leo tuilleadh saoirse chun tabhairt faoi topaic ar spéis leo féin é, in ionad a bheith srianta do theidil atá leagtha síos agus á n-eisiúint ag Coimisiún na Scrúduithe Stáit (CSS). Chomh fada is a bhaineann sé leis an scrúdú scríofa, mheas siad go raibh an fhoclaíocht i roinnt de na ceisteanna deacair agus doiléir. Labhair scoláirí toisc *'nach raibh siad cinnte cad a bhí á lorg acu'* agus scríobh siad an oiread is a d'fhéad siad agus iad ag súil go mbeadh rud éigin ábhartha acu sa deireadh.

Thug scoláirí faoi deara go raibh roinnt athrá san ábhar thar chodanna difriúla den chúrsa agus bhí siad bréan de sin. Mheas siad freisin nár theastaigh an topaic Pobal toisc go dtagann sé salach ar ábhair eile.

Bhí go leor scoláirí den tuairim gur theastaigh cothromaíocht níos mó idir dearcthaí Críostaí agus neamh-Chríostaí. Cheap siad go raibh '*an iomarca den Chríostaíocht'* ar an gcúrsa agus *'é claonta agus glactar leis gur Críostaithe muid go léir'.* Nuair a cuireadh ceist orthu, d'aontaigh siad go raibh an tuairim sin ann den chuid is mó mar gheall ar an mbéim a chuirtear ar an gCríostaíocht sna téacsleabhair.

### *Cad ba mhaith leo a fheiceáil i gcúrsa nua?*

Dúirt formhór na scoláirí gur mhaith leo foghlaim faoi raon reiligiún níos leithne in ionad a bheith ag foghlaim faoin gCríostaíocht agus faoi reiligiún domhanda amháin eile. Dúirt siad nach amháin gur mhaith leo foghlaim faoi raon reiligiún agus creideamh níos leithne ach gur mhaith leo freisin staidéar níos doimhne a dhéanamh orthu freisin. *'Nuair a dhéanaimid staidéar ar reiligiún domhanda déantar é ar bhealach difriúil – déantar ar bhealach an-saorga é agus ní dhéanaimid ach na príomhfhíricí a fhoghlaim de ghlanmheabhair'.*

Dúirt roinnt scoláirí gur mhaith leo tuilleadh deiseanna chun scrúdú a dhéanamh ar '*cheisteanna fealsúnacha'* agus mheas siad go bhféadfadh sé gur topaic spéisiúil a bheadh anseo taobh istigh de chúrsa nua. Ba mhaith leo tuilleadh deiseanna freisin a dúirt siad chun topaicí reatha atá sna meáin a phlé, topaicí a bhaineann le cúrsaí reiligiúin. Sa chomhthéacs sin, mhol roinnt scoláirí gur cheart dóibh freisin foghlaim faoi bhunús na coimhlinte idir Protastúnaigh agus Caitlicigh i dTuaisceart

Éireann agus freisin faoi choimhlint mar gheall ar reiligiún in áiteanna eile, cosúil leis an Meánoirthear.

Chomh fada is a bhaineann sé leis an mbailiúchán de shamplaí oibre, ba mhaith le scoláirí níos mó saoirse chun topaic a bhfuil fíorspéis acu ann a roghnú agus mhol siad gur cheart go mbeadh cead acu é a chur i láthair i rogha formáidí.

Ba mhaith le scoláirí freisin go gceadófaí tuilleadh den fhoghlaim ghníomhach sa chúrsa nua lena n-áirítear ag foghlaim lasmuigh den seomra ranga. *'Ba cheart go mbeimis ag déanamh níos mó obair charthanachta in ionad a bheith ag foghlaim amach as leabhar'. 'Bheadh sé go maith dul ar thurais chuig an bhfóram Idirchreidimh nó chuig áiteanna eile'.*

### *Ag deireadh na trí bliana, cad is dóigh leat ba cheart do scoláirí a thabhairt leo ó staidéar a dhéanamh ar O.R.?*

Nuair a fhiafraítear cad í an fhoghlaim thábhachtach ba cheart do scoláirí a thabhairt leo ó staidéar trí bliana a dhéanamh ar Oideachas Reiligiúin bhí scoláirí an-soiléir ina gcuid freagraí, inar áiríodh:

- Conas a oibríonn reiligiún
- Conas ceisteanna dúshlánacha a chíoradh
- Conas smaoineamh duit féin
- Ómós agus tuiscint do reiligiúin eile
- Tuiscint níos fearr ar an domhan agus a bheith in ann labhairt amach agus tuairim a bheith agat ar rudaí
- Conas a bheith níos fearr mar dhuine agus tuilleadh aithne a chur ort féin freisin
- Ba cheart go n-osclódh sé do shúile agus go gcuirfear sé iallach ort smaoineamh níos fearr faoi rudaí
- Cuidíonn sé chun roinnt ceisteanna maidir leis an saol a fhreagairt cosúil leis an gcúis go bhfuilim anseo
- Go leor scileanna, cosúil le bheith in ann machnamh a dhéanamh ort féin
- Caithfimid foghlaim nach faoi chreideamh amháin é ach faoin sochaí freisin.

Bhí na tuairimí a chuir na scoláirí i láthair lán le heolas agus éagsúil agus cuideoidh siad chun sonraíocht ábhair a threorú amach anseo le haghaidh Oideachas Reiligiúin na Sraithe Sóisearaí. Tá sé beartaithe go bhfillfidh an CNCM ar na scoileanna agus ar na scoláirí seo de réir mar a fhorbrófar an tsonraíocht chun tuilleadh aiseolais a fháil.

**Achoimre ar an Rannóg**

Tugtar faoi deara i dTuarascálacha CSS agus ROS go léiríonn scoláirí go bhfuil eolas maith acu ar phríomhchoincheapa an chúrsa. Thug cigirí faoi deara go bhféadfaí breis forbartha a dhéanamh ar scileanna smaointeoireachta criticiúla, machnaimh agus plé ionas go mbeadh tuiscint níos eolasaí agus níos géarchúisí ar an ábhar. Bhí na múinteoirí a bhí páirteach i bhfócasghrúpa CNCM ar aon intinn leis an tuairim sin agus dúirt siad go mbíonn sé deacair mar gheall ar an méid ábhair atá sa siollabas tuilleadh deiseanna a fháil chun ceisteanna a chur agus plé agus machnamh a dhéanamh.

Aontaíonn na múinteoirí agus na scoláirí gur chuidigh an siollabas chun ómós agus comhthuiscint a fhorbairt maidir le reiligiúin dhifriúla agus tuairimí domhanda agus feictear é sin mar rud a bhfuil tábhacht mhór leis i saol na linne seo. Ba mhaith leo tuilleadh deiseanna a fheiceáil sa tsonraíocht nua chun foghlaim faoi reiligiúin agus creidimh thar an gCríostaíocht. Ba mhaith leo freisin go soláthrófaí deiseanna sa tsonraíocht nua le haghaidh smaointeoireachta agus fiosrúcháin chriticiúil ar rudaí atá ábhartha do na scoláirí agus a bhfuil spéis acu iontu. Aontaíonn na scoláirí agus na múinteoirí cé go bhfuil an bailiúchán de shamplaí oibre áisiúil agus gur maith leo é, go bhfuil go leor struchtúr ag baint le bheith ag scríobh ann agus gur beag tairbhe atá ann don fhoghlaim.

Cuirfidh an grúpa forbartha taithí agus tuairimí na scoláirí agus na múinteoirí san áireamh nuair a bheidh an tsonraíocht nua á forbairt acu. Déanfaidh an grúpa forbartha machnamh ar an gcaoi ar féidir an bhéim ar fhoghlaim faoi reiligiúin agus creidimh difriúla a choimeád agus a fheabhsú agus aithneofar freisin dearcthaí agus tuairimí domhanda tuata; an chaoi ar féidir an tsonraíocht a dhéanamh ábhartha do shaol agus do cheisteanna na scoláirí; agus an chaoi ar féidir leis cur chuige fiosrach, cásmhar, criticiúil agus machnamhach a chur chun cinn sa staidéar ar O.R.

# 4. Oideachas Reiligiúin – Dearcadh Eorpach

> *'Tá stair fhada, a bhfuil go leor ráite faoi agus réasúnaíocht atá curtha in iúl go soiléir i gceist le rannpháirtíocht na reiligiún in oideachas reiligiúin a lucht leanúna, ach níl an t-oideachas reiligiúin féin ach ag teacht chun cinn anois mar ábhar ar cás leis an bpobal é.'*[24]

I ngach comhthéacs, tarlaíonn oideachas reiligiúin laistigh den tuiscint fhoriomlán atá ag Stát ar an oideachas agus cinneann a chomhthéacsanna sóisialta agus stairiúla cruth an tsoláthair oideachais. Go hidirnáisiúnta, díríonn díospóireachtaí maidir le hoideachas reiligiúin i scoileanna ar a stádas agus a chuspóir i scoileanna mar aon lena aidhmeanna, cuspóirí, modheolaíochtaí, acmhainní agus modhanna measúnaithe.

Soláthraíonn formhór na stát Eorpach oideachas i scoileanna atá maoinithe go poiblí, ach bíonn cineálacha éagsúla soláthair ann ar fud na hEorpa. Tríd is tríd, tá oideachas reiligiúin bunaithe ar phrionsabail oideachais de réir na fealsúnachta oideachais is láidre atá ag stáit aonair agus tá oideachas reiligiúin ar scoil difriúil ó chothú reiligiúnach lasmuigh den scoil.

Aithníonn Schreiner trí chineál soláthar bhunúsacha ar fud na hEorpa: (i) Teagasc á eagrú ag pobail reiligiúnacha agus iad freagrach go heisiach as oideachas reiligiúin – an cur chuige faoistiniúil, (ii) Teagasc á eagrú i gcomhar idir údaráis Stáit agus pobail reiligiúnacha – atá in ann tacú le cur chuige faoistiniúil, (iii) Teagasc á eagrú go heisiach ag údaráis Stáit – an cur chuige neamh-fhaoistiniúil.[25] Beag beann ar an gcur chuige a ghlactar, is féidir a bheith ar aon intinn faoi sholáthar an oideachas reiligiúin thar chórais Eorpacha.

Áirítear leis na cuspóirí coitianta i bhformhór siollabas:

- an dalta a spreagadh le bheith mothálach do reiligiún agus do ghné reiligiúnach an tsaoil,
- treoir a thabhairt i measc na dtraidisiún agus na dtuairimí domhanda reatha éagsúla, lena n-áirítear tuairimí tuata
- eolas agus tuiscint a thabhairt ar chreidimh agus ar thaithí reiligiúnach.[26]

---

[24] Sandra Cullen, Interpreting 'between privacies': Religious education as a conversational activity' in *Does Religious Education Matter?* eag. ag Mary Shanahan (Londain: Routledge, 2017),
[25] Peter Schreiner, 'Religious Education in a European Context', *Hungarian Educational Research Journal*, 2013, lgh 5-15.
[26] Schreiner, lch 10.

Ó 2002, bhí Comhairle na hEorpa i gceannas ar an díospóireacht san Eoraip maidir le háit an reiligiúin laistigh den oideachas. Aibhsíodh leis an bhfás le déanaí ar theannais shóisialta, chultúrtha agus reiligiúnacha i gcuid mhaith tíortha san Eoraip go bhfuil gá le sochaithe níos oscailte, measúla a chruthú ina mbeidh daoine in ann maireachtáil le chéile i socruithe sóisialta níos éagsúla ná riamh. Ní haon iontas é go bhfuil an ról atá ag O.R. ó thaobh tuiscint agus meas idirchultúrtha do chreidimh éagsúla a chur chun cinn ina fhócas anois ag lucht déanta beartas san Eoraip agus níos faide i gcéin. In 2005 mhol Comhthionól Parlaiminteach Chomhairle na hEorpa:

> *tá eolas maith tríd is tríd ar reiligiúin agus an chaoinfhulaingt a tharlaíonn dá bharr riachtanach chun saoránacht dhaonlathach a chleachtadh...Is cuid lárnach den eolas ar stair an chine dhaonna agus sibhialtachtaí é an t-eolas ar reiligiúin. Tá sé difriúil go hiomlán ón gcreideamh i reiligiún sonrach agus a chuid deasghnátha.'*[27]

Éilíodh freisin i Moladh 1720(6) ar Rialtais

> *tuilleadh a dhéanamh chun saoirse coinsiasa agus léiriú reiligiúnach a ráthú, chun treoir reiligiúnach a spreagadh comhphlé a chur chun cinn le reiligiúin agus eatarthu, agus chun léiriú cultúrtha agus sóisialta reiligiún a chur chun cinn.*

In 2007, dhearbhaigh airí oideachais na hEorpa *'beag beann ar an gcóras oideachais reiligiúin atá i dtír ar leith, ní mór do leanaí teagasc a fháil a chuireann éagsúlacht reiligiúin agus fealsúnachta san áireamh mar chuid dá n-oideachas idirchultúrtha.'*[28]

Is léir spéis laistigh de Chomhairle na hEorpa sa ról atá O.R. in ann a bheith aige ó thaobh tuiscint ar éagsúlacht reiligiúin a chothú do gach Eorpach óg, beag beann ar a gcúlra, i *Moladh CM/Rec (2008) 12 maidir le gné na dtuairimí reiligiúin agus tuata laistigh den oideachas idirchultúrtha.* Déantar na pointí seo a leanas sna moltaí sin:

1. Is réamhchoinníoll é plé idirchultúrtha chun an chaoinfhulaingt a fhorbairt san Eoraip.
2. Ba cheart go mbeadh ómós do chearta daoine aonair creideamh reiligiúnach a bheith acu
3. Tá an teagasc maidir le tuairimí reiligiúnacha agus tuata ag teacht le haidhmeanna an oideachais i gcomhair saoránachta gníomhaí
4. Tá sé tábhacht ó thaobh na scolaíochta de plé a chur chun cinn idir daoine ó chúlraí difriúla cultúrtha, reiligiúnacha agus tuata

[27] Comhthionól Parlaiminteach Chomhairle na hEorpa, Moladh 1720 (2005) maidir le hoideachas agus reiligiún
[28] Dearbhú deiridh (mír 23) den 22ú seisiún de Bhuan-Chomhdháil airí oideachais na hEorpa, Iostanbúl, Bealtaine 2007

5. Tá sé tábhachtach do chúrsaí oideachais san aonú haois is fiche ómós a bheith do dhínit gach duine agus comh-iontaobhas agus comhthuiscint a chur chun cinn. [29]

Ina cuid oibre ar inniúlachtaí i gcomhair cultúir dhaonlathaigh luann Comhairle na hEorpa arís is arís an ról a d'fhéadfadh a bheith ag O.R. ó thaobh cur le comhtháthú sóisialta, tuiscint idirchultúrtha agus daonlathas. De réir mar a leanann aghaidh reiligiúnach na hEorpa ag athrú tá an Chomhairle '*ag gabháil do theagasc a chur ar dhaoine óga faoi conas smaoineamh, d'fhonn dul i ngleic le domhan áit nach mbíonn a gcuid tuairimí ag gach duine eile, ach tá sé de dhualgas orainn go léir seasamh leis na prionsabail dhaonlathacha a thugann deis do gach cultúr maireachtáil i gcomhar le chéile.*'[30]

Díríonn Comhairle na hEorpa a cuid beartais maidir le teagasc faoi reiligiúin agus creideamh tuata laistigh dá cuid oibre ar oideachas idirchultúrtha, oideachas faoi chearta an duine agus oideachas do shaoránacht dhaonlathach. Tuigeann sí reiligiún mar fhíric chultúrtha agus cleachtas sóisialta ach ní dhéanann sí beag is fiú do reiligiún mar rud cultúrtha amháin. Nuair a léirmhínítear reiligiún mar chleachtas sóisialta faigheann an Chomhairle deis oideachas reiligiúin a áireamh mar chuid dá saindualgas.

Mar a tugadh le fios in *Signposts – Policy and Practice for teaching about religions and non-religious worldviews in intercultural education*,[31] (2014) ní chuirtear teagasc faoi reiligiúin amháin chun cinn in obair na Comhairle, cuirtear forbairt dearcaí cosúil le mothálacht agus meas do chreidimh reiligiúnacha agus tuata chun cinn freisin, mar aon le hinniúlachtaí cosúil le litearthacht agus tuiscint.In *Signposts* osclaítear suas freisin i gcomhair plé go leor ábhar a bhfuil conspóid fúthu a bhaineann le hoideachas reiligiúin i scoileanna – an úsáid chonspóideach a bhaintear as téarmaíocht, steiréitíopáil a dhéantar ar reiligiúin, oideachas agus antoisceachas, idirdhealú ar fhorais chreidimh, éagsúlacht inmheánach reiligiún, reiligiúin mar fheiniméin ar leith, éilimh fhírinneacha a láimhseáil i seomra ranga, ionadaíocht do reiligiúin agus 'spás sábháilte' a chruthú i gcomhair plé i seomra ranga éagsúil.

---

[29] Moladh CM/Rec(2008)12 ó Choiste na nAirí do bhallstáit maidir le gné thuairimí reiligiúnacha agus tuata laistigh d'oideachas idirchultúrtha

[30] Comhairle na hEorpa, *Competences for Democratic Culture: Living together as equals in culturally diverse democratic societies* (Strasbourg: Comhairle na hEorpa, 2016), lch 7.

[31] Comhairle na hEorpa, *Signposts – Policy and Practice for teaching about religions and non-religious worldviews in intercultural education* (2014)

Is fiú an obair a rinne an Oifig um Shlándáil agus Chomhar san Eoraip (OSCE) i gcomhar le ODIHR chun *Toledo Guiding Principles on Teaching about Religions and Beliefs in Public Schools* (2007) a chur le chéile a lua freisin. Cuireann na *Treoirlínte* sin, le haghaidh scoileanna poiblí nach bhfuil éiteas sainchreidmheach acu, an teagasc maidir le reiligiún i gcomhthéacs chreat um chearta an duine agus thiomantas do shaoirse reiligiúin agus feictear iad den chuid is mó mar rudaí a sholáthraíonn na híoschritéir maidir le reiligiún a theagasc d'fhonn saoránacht dhaonlathach, comhthuiscint agus an leas coiteann a chur chun cinn.[32] Is iad seo an dá phríomhphrionsabal atá mar thaca leis an doiciméad:

(i) tá luach dearfach ag baint le teagasc a chuireann béim ar an gceart atá ag gach duine ar shaoirse reiligiúin agus creidimh,

(ii) tá sé tábhachtach a bheith ag teagasc faoi reiligiúin agus chreidimh chun litríocht, cultúr agus reiligiún an duine féin a thuiscint, agus mar sin ba cheart go mbeadh sé mar chuid de churaclam na scoile.

Ag teacht trasna ar na forbairtí sin in oideachas reiligiúin i scoileanna poiblí bhí na forbairtí éagsúla in oideachas reiligiúin sainchreidmheach ar fud na hEorpa. I gcuid mhaith cásanna, treoraítear oideachas reiligiúin i scoileanna atá á maoiniú go poiblí leis na héitis reiligiúnacha faoi leith atá sa scoil agus freagraíonn sé do thacaí diaga an éitis sin.[33] I gcásanna den sórt sin, ní mór do scoileanna atá faoi phátrúnacht pobail chreidimh aidhmeanna churaclaim Oideachais Reiligiúin Stáit a idirbheartú ar bhealach nach mbainfidh an bonn dá n-aidhmeanna oideachais agus dá dtuairimí diaga féin.

**Taighde in oideachas reiligiúin a thugann eolas don tsonraíocht**

Fuarthas amach sa *tionscadal REDCo***[34]** (tionscadal taighde trí bliana á mhaoiniú ag an AE 2006-2009) gur maith le daoine óga deis a fháil foghlaim faoi reiligiúin agus faoi thuairimí domhanda agus labhairt faoi reiligiún ar scoil. Ní hionann é sin agus fonn a bheith orthu ceangal pearsanta a bheith

[32] Andrew McGrady, 'Teaching Religion: Challenges and opportunities for educational practice within a pluralist context' in *Toward Mutual Ground*, eag le Gareth Byrne agus Patricia Kieran (Columba Press, 2013), lch 87.

[33] Chun plé níos cuimsithí a fháil faoi sholáthar casta an Oideachais Reiligiúin i stáit na hEorpa féach Martin Rothgangel, Robert Jackson agus Martin Jäggle (eag) Religious Education at Schools in Europe (Vienna: Vienna University Press, 2014).

[34] Sa tionscadal taighde idirnáisiúnta REDCo (Religion in Education. A Contribution to Dialogue or a Factor of Conflict in Transforming Societies of European Countries) chuathas i ngleic leis an gceist faoi conas a rannchuidíonn reiligiúin agus luachanna le hidirphlé nó le teannas san Eoraip. Bhí scoláirí san aoisghrúpa 14-16 bliana d'aois ó 8 dtír san Eoraip rannpháirteach sa staidéar turgnamhach seo. Wolfram Weisse, 'Reflections on the REDCo Project', *British Journal of Religious Education*, 33/2 (2011) lgh 111-125.

acu le pobal reiligiúnach. Tugadh roinnt treochtaí ginearálta le fios sa taighde a rinneadh le daoine idir 14-16 bliana d'aois in ocht dtír san Eoraip:

- Is mian le scoláirí maireachtáil faoi shíocháin beag beann ar dhifríochtaí, agus creideann siad gur féidir é sin a dhéanamh. Tá an cómhaireachtáil shíochánta sin ag brath ar eolas faoi reiligiúin agus tuairimí domhanda a chéile agus ar spéiseanna comónta a roinnt/rudaí a dhéanamh le chéile
- Bíonn an scoláire a fhoghlaimíonn faoi éagsúlacht reiligiúnach ar scoil níos toilteanaí labhairt faoi reiligiúin/chreidimh le scoláirí ó chúlraí eile seachas iad siúd nach ndéanann amhlaidh
- Níor cheap scoláirí go laghdaítear a gcreidimh féin nuair a dhéanann siad staidéar ar thuairimí reiligiúnacha nó neamh-reiligiúnacha eile
- Is í an fhoinse is tábhachtaí faoi reiligiúin agus tuairimí domhanda tríd is tríd ná an teaghlach, agus ansin an scoil
- Mothaíonn roinnt scoláirí atá tiomanta do reiligiún leochaileach sa seomra ranga
- Is mian le scoláirí coimhlint a sheachaint agus tá siad ag iarraidh go dtarlóidh an fhoghlaim i dtimpeallacht shábháilte an tseomra ranga áit a bhfuil nósanna imeachta comhaontaithe chun rudaí a chur in iúl agus a phlé
- Ba mhaith le scoláirí dá dtabharfadh múinteoirí faisnéis chruinn agus dá gcoinneoidís ord ar idirphlé ina bhfuil difríochtaí suntasacha i dtuairimí mar chuid de
- Ba mhaith le go leor scoláirí dá mbeadh an scoil mar áit fhoghlama faoi reiligiúin/tuairimí domhanda difriúla, in ionad a bheith le haghaidh treoir maidir le reiligiún/tuairim domhanda áirithe (ba ghnách leis na freagróirí tacú leis an gcóras a raibh taithí phearsanta acu féin air). [35]

Sainaithníodh roinnt príomhthosaíochtaí don seomra ranga O.R. i dTionscadal REDCo: idirphlé ómósach sa seomra ranga, seomraí ranga a bhunú mar 'spásanna sábháilte' i gcomhair idirphlé, ag dul i ngleic le héilimh iomaíocha maidir leis an bhfírinne, agus ag cabhrú le daoine óga anailís a dhéanamh ar léirithe a dhéantar de reiligiúin sna meáin. Baineadh de thátal as sa tionscadal gur féidir le O.R. cur le forbairt phearsanta, rud atá tábhachtach, le tuiscint idirchultúrtha, daonlathas agus cearta an duine.

---

[35] Jackson, in *Toward Mutual Ground*, lch 53. Féach freisin Elisabeth Arweck, eag. *Young People's Attitudes to Religious Diversity* (Londain: Routledge, 2017).

Tá taighde eile san Eoraip agus in Éirinn den tuairim chéanna go bhfuil meas ag go leor daoine óga ar ról an oideachais reiligiúin i scoileanna agus go bhfuil siad ag iarraidh deis a fháil chun foghlaim agus labhairt faoi reiligiún agus creideamh i scoileanna. Feiceann siad an seomra ranga mar 'spás sábháilte' ionas go bhféadfadh sé sin tarlú, agus tá léirthuiscint acu do mhúinteoirí atá in ann faisnéis chruinn a thabhairt agus ord a choimeád ar phléite, ina n-áirítear difríochtaí suntasacha i dtuairimí, lena n-áirítear daonnachas saolta agus fealsúnachtaí neamh-reiligiúnacha eile.

Sholáthair na sonraí ó "Ireland: Growing up Irish: Life perspectives among young people in the Republic of Ireland' fianaise ar an ról leanúnach gníomhach atá ag reiligiún laistigh de shochaí chomhaimseartha na hÉireann, ach freisin an chaoi a bhfuil léiriú reiligiúnach á athchóiriú. [36]

Léiríodh sa taighde:

> *'Díreach mar is mian leis na daoine óga iniúchadh a dhéanamh ar reiligiúin eile trí idirphlé, is mian leo ar an gcaoi chéanna saincheisteanna a phlé go géarchúiseach dóibh féin ina gcreideamh féin. Ní ghlacfaidh na daoine óga stuama seo le reiligiún in aghaidh a mullaigh, in ionad sin déanfaidh siad iniúchadh intleachtúil, agus déanfaidh siad beachtú, diúltú agus athfhorbairt ar a gcuid smaointe.'*[37]

Tá an tuiscint seo de chuidiú an duine óig aibhsithe ag corpas de thorthaí taighde atá ag dul i méid ina dtugtar le fios '*ní gá do pháistí óga fiú creidimh a dtuismitheoirí a ghlacadh gan cheist agus forbraíonn siad braistint phearsanta reiligiúin agus creidimh ina n-idirghníomhú lena dteaghlach agus lena gcomhthéacs scoile, ach ní á chinneadh aige sin.'* [38]

Tugann tuairimí scoláirí agus múinteoirí in Éirinn, a bhfuil breac-chuntas air i rannán 3.2 agus 3.3 thuas, le fios go bhfuil meas ag an scoláire ar dheiseanna i gcomhair spáis chun machnamh a dhéanamh ar a fhorbairt spioradálta agus mhorálta féin. Tá sé sin le feiceáil i dtaighde idirnáisiúnta ina dtugtar le fios gur *'próiseas gníomhach í an fhorbairt spioradálta i measc fhormhór daoine óga*

---

[36] Christopher Lewis, Sharon Cruise, Michael Fearn, & Conor Mc Guckin, (2009) "Ireland: Growing up Irish: Life perspectives among young people in the Republic of Ireland" in Hans-Georg Ziebertz.& William Kay (eag.), *Youth in Europe I: An international empirical study about life* perspectives (2ú hEagrán), (Münster, An Ghearmáin, LIT, 2009), lgh 151-164.

[37] Conor Mc Guckin, Christopher Lewis, John-Paul Sheridan, & Sharon Cruise, 'The religious socialisation of young people in Ireland', in James O'Higgins-Norman, *Education matters: Readings in pastoral care for school chaplains, guidance counsellors and teachers* (Baile Átha Cliath, Veritas, 2014), lgh 228 - 245,

[38] Merike Darmody agus Emer Smyth, 'Oideachas faoi Reiligiúin agus faoi Chreidimh (ORC) agus Eitic Dearcthaí Múinteoirí, Tuismitheoirí agus an Phobail i gCoitinne ar an gCuraclam Molta Bunscoile — Páipéar Comhairliúcháin arna Ullmhú don Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta' (CNCM, 2017).

*thar chúlra reiligiúin agus cultúrtha éagsúla, agus tagann an fhorbairt spioradálta chun cinn i bhformhór acu gan aon rannpháirtíocht an-láidir i sainchleachtais reiligiúnacha nó spioradálta'.* [39]

| **Achoimre ar an Rannóg** |
|---|
| Soláthraíonn formhór na stát Eorpach oideachas i scoileanna atá maoinithe go poiblí, ach bíonn cineálacha éagsúla soláthair ann ar fud na hEorpa. Ó 2002, bhí Comhairle na hEorpa i gceannas ar an díospóireacht san Eoraip maidir le háit an oideachais reiligiúin laistigh den churaclam. Díríonn sí a cuid beartais maidir le teagasc faoi reiligiúin agus creideamh neamh-reiligiúnach laistigh dá cuid oibre ar oideachas idirchultúrtha, oideachas faoi chearta an duine agus oideachas do shaoránacht dhaonlathach. Le déanaí anuas, ní hamháin go gcuireann obair na Comhairle teagasc faoi reiligiún chun cinn, cuireann sí forbairt dearcaí cosúil le leochaileacht agus meas chun cinn freisin, mar aon le hinniúlachtaí atá riachtanach do mhaireachtáil idirchultúrtha. Feiceann Comhairle na hEorpa oideachas reiligiúin mar rud atá in ann rannchuidiú go tábhachtach chuige sin.<br>Aontaítear i dtorthaí ó roinnt tionscadal taighde ar fud na hEorpa go bhfeiceann scoláirí agus múinteoirí oideachas reiligiúin mar rud a bhfuil ról aige iontu seo a leanas:<br>▪ idirphlé ómósach sa seomra ranga a éascú<br>▪ seomraí ranga a chruthú mar 'spásanna sábháilte' i gcomhair idirphlé<br>▪ dul i ngleic le héilimh iomaíocha maidir leis an bhfírinne<br>▪ ag cuidiú le daoine óga anailís a dhéanamh ar léirithe a dhéantar de reiligiúin sna meáin.<br><br>Taispeántar i dtaighde freisin go bhfuil meas ag daoine óga ar áit an oideachais reiligiúin i scoileanna agus go bhfuil siad ag iarraidh spás sábháilte chun foghlaim agus labhairt faoina reiligiún, creidimh agus éilimh féin ar an bhfírinne agus reiligiún, creidimh agus éilimh daoine eile. Ina theannta sin, tá corpas méadaithe torthaí taighde atá mar bhonn taca ag cuidiú an duine óig a gcórais chreidimh agus spioradáltachtaí féin a idirbheartú. |

[39] Peter Benson, Peter Scales, Amy Syvertsen and Eugene Roehlkepartain, 'Is youth spiritual development a universal developmental process? An international exploration', *The Journal of Positive Psychology* Iml. 7/6, 2012. Mandy Robbins and Leslie Francis, 'The Teenage Religion and Values Survey in England and Wales: an overview', *British Journal of Religious Education*, Iml. 32/3, 2010.

# 5. An comhthéacs le haghaidh sonraíocht nua

Tá roinnt tionchar nó tosca atá idirnasctha sa tsochaí nach mór a chur san áireamh nuair atá fís nua á ceapadh le haghaidh Oideachais Reiligiúin sa tsraith shóisearach. Tá baint dhíreach ag roinnt acu seo leis an gcuraclam agus tá na cinn eile níos córasaí. Tá sé tábhachtach iad sin a bhreithniú ar mhaithe lena chinntiú go bhfuil an tsonraíocht nua ábhartha do shaol daoine aonair, theaghlaigh, phobail agus na sochaí.

Aibhsítear sa chuid seo den pháipéar roinnt de na tionchair agus tosca idirnasctha seo, eadhon:

- Creat don tSraith Shóisearach agus folláine an scoláire
- Éagsúlacht na gcleachtas agus na gcreideamh reiligiúnach
- An gá atá le litearthacht reiligiúnach sa spás poiblí
- An Straitéis Náisiúnta ar Oideachas don Fhorbairt Inbhuanaithe in Éirinn

**Creat don tSraith Shóisearach agus folláine an scoláire**

I gcroílár athchóiriú na sraithe sóisearaí tá fís iomlánach den fhoghlaim a bhaineann sult as raon leathan taithí foghlama atá léirithe sa 24 Ráiteas Foghlama. Tá cothromaíocht idir eolas foghlama agus na scileanna, an t-eolas, luachanna agus iompraíochtaí a theastaíonn i gcomhair foghlama agus i gcomhair an tsaoil a fhorbairt. Gineann an fhoghlaim rannpháirtíocht agus spreagadh, agus nascann sé le saol an scoláire.

Tá an fholláine ar cheann de na hocht bprionsabal atá mar bhonn agus mar thaca ag an gCreat don tSraith Shóisearach agus is réimse curaclaim é freisin laistigh den tsraith shóisearach nua. Cuimsítear sa réimse nua foghlama seo foghlaim a chuimsítí go traidisiúnta sa Chorpoideachas, in OSPS agus in OSSP agus gnéithe den fhoghlaim ó ábhair/ghearrchúrsaí eile. Is maith is féidir le hOideachas Reiligiúin rannchuidiú sonrach a dhéanamh d’fholláine spioradálta agus eiticiúil an scoláire toisc go soláthraíonn deiseanna follasacha i gcomhair spáis chun dul i ngleic lena fhorbairt spioradálta agus mhorálta féin agus chun machnamh a dhéanamh ar an bhforbairt sin. Mar a tugadh faoi deara in 3.2 agus 3.3 feiceann scoláirí Oideachas Reiligiúin na sraithe sóisearaí mar spás inar féidir leo iniúchadh a dhéanamh ar cheisteanna an tsaoil, tuilleadh a fhoghlaim fúthu féin agus faoi dhaoine eile agus foghlaim conas a bheith níos fearr mar dhuine.

Luaitear sa sainmhíniú ar fholláine atá leagtha síos i dTreoirlínte le haghaidh Folláine na Sraithe Sóisearaí

*Is ann d'fholláine an scoláire nuair a éiríonn leis an scoláire barr a chumas a bhaint amach, nuair a thugann sé aire dá fholláine choirp, má éiríonn leis déileáil le gnáthstrus an tsaoil, agus má mhothaíonn sé go bhfuil braistint chomhuintearais aige le pobal níos leithne.* [40]

Tá Oideachas Reiligiúin in ann rannchuidiú mór a dhéanamh i dtreo fholláine scoláire, go háirithe an bhrí a bhaineann sé as an saol, feasacht phearsanta agus nascacht le daoine eile. Laistigh den seomra ranga O.R. tá neart deiseanna ann freisin chun sé tháscaire na folláine a fhorbairt (an scoláire mar dhuine gníomhach, freagrach, ceangailte, athléimneach, meas agus feasach) agus tacóidh na Torthaí Foghlama leis na táscairí sin agus na modheolaíochtaí teagaisc agus foghlama sa tsonraíocht nua O.R.  Beidh aitheantas ar leithligh agus sainiúil fós ag Oideachas Reiligiúin laistigh den churaclam, agus leis an bpleanáil cheart d'fhéadfadh roinnt gnéithe den tsonraíocht nua tacú le clár folláine scoile.

**Éagsúlacht na gcleachtas agus na gcreideamh reiligiúnach**

Taispeántar i sonraí na Príomhoifige Staidrimh le déanaí go bhfuil Éire athraithe ó thír ina raibh sochaí aonchineálach ar bhonn cultúrtha den chuid is mó go dtí tír ina bhfuil éagsúlacht mhéadaithe agus in éineacht leis an bhfás sin ar éagsúlacht chultúrtha tagann creidimh agus cleachtas reiligiúnach atá ag athrú.

Tuairiscíodh i ndaonáireamh 2016 gur rugadh 17.3% de na daoine atá ina gcónaí in Éirinn thar lear. [41] In Aibreán 2016, bhí 535,475 duine arbh 'neamh-náisiúnaigh' iad ó bhreis is 200 náisiúntacht difriúla ag cur fúthu in Éirinn. Taispeántar i dtorthaí 2016 gur labhair 612,018 duine teanga eachtrach sa bhaile (suas 19 faoin gcéad ó 514,068 in 2011). Ba í an Pholainnis an teanga ba choitianta ar fad, agus ina dhiaidh sin Fraincis, Rómáinis agus Liotuáinis.

Cé gur tír Caitliceach Rómhánach í Éire den chuid is mó, mar a léirítear sa tábla thíos, tá an céatadán den daonra a dúirt gur Caitlicigh Rómhánacha iad ar an daonáireamh tite ó 84.2 faoin gcéad in 2011 go dtí 78.3 faoin gcéad in 2016. Tháinig méadú mór freisin ar dhaoine atá sa chatagóir 'gan reiligiún', ó 3.5 faoin gcéad in 2002 go dtí 5.7 faoin gcéad in 2011 agus go dtí 9.8 faoin gcéad in 2016 (is ionann é sin agus 468,421 duine)[42].  Ba iad na reiligiúin ba thapúla fáis idir 2011 agus 2016 i dtéarmaí céatadáin ná na cinn Ceartchreidmheacha, Hiondúcha agus Moslamacha.

---

[40] Treoirlínte le haghaidh Folláine sa tSraith Shóisearach, CNCM, 2017
[41] www.cso.ie/en/media/csoie/releasespublications/documents/population/2017/Chapter_5_Diversity.pdf
[42] www.cso.ie/en/media/csoie/releasespublications/documents/population/2017/Chapter_8_Religion.pdf

| Religion | 2011 | 2016 | Percentage change |
|---|---|---|---|
| | | *000s* | |
| Roman Catholic | 3,861.3 | 3,729.1 | -3.4 |
| Church of Ireland | 129.0 | 126.4 | -2.0 |
| Muslim (Islamic) | 49.2 | 63.4 | 28.9 |
| Orthodox | 45.2 | 62.2 | 37.5 |
| Christian | 41.2 | 37.4 | -9.1 |
| Presbyterian | 24.6 | 24.2 | -1.6 |
| Hindu | 10.7 | 14.3 | 34.1 |
| Apostolic or Pentecostal | 14.0 | 13.4 | -4.9 |
| Other | 70.2 | 97.7 | 39.1 |
| No religion | 269.8 | 468.4 | 73.6 |
| Not stated | 72.9 | 125.3 | 71.8 |
| Total | 4,588.3 | 4,761.9 | 3.8 |

**Tábla 3 Daonra de réir reiligiúin 2011 agus 2016** [43]

Ar ndóigh tá tionchar ag an iolarthacht mhéadaithe sin ar an gcaoi a mbreathnaítear ar oideachas reiligiúin agus ar an gcaoi a múintear é i scoileanna agus bhí sé mar spreagadh i gcomhair plé poiblí agus comhairliúcháin maidir le soláthar an oideachais reiligiúin i gcineálacha éagsúla scoileanna.

I measc roinnt de na foilseacháin is déanaí ina ndéantar machnamh agus ina n-imrítear tionchar ar an díospóireacht phoiblí maidir le hoideachas reiligiúin in Éirinn níos éagsúlaithe tá foilseachán le Coimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas *Religion and Education: A Human Rights Perspective* (2011), the *An Fóram ar Phátrúnacht agus Iolrachas in Earnáil an Bhunoideachais – Tuairisc Ghrúpa Comhairleach an Fhóraim* (2012), *Oideachas faoi Reiligiúin agus faoi Chreidimh (ORC) agus Eitic* de chuid CNCM: Comhairliúchán i dtaca leis na moltaí maidir le curaclam san Oideachas faoi Reiligiúin agus faoi Chreidimh (ORC) agus Eitic (2015), an tuarascáil ar na ceistneoirí *Oideachas faoi Reiligiúin agus faoi Chreidimh (ORC) agus Eitic: Dearcthaí Múinteoirí, Tuismitheoirí agus an Phobail i gCoitinne ar an gCuraclam Molta Bunscoile — Páipéar Comhairliúcháin* (Merike Darmody agus Emer Smyth), Eanáir 2017[44] agus an tuarascáil chríochnaitheach a d'fhoilsigh CNCM i

[43] :www.cso.ie/en/media/csoie/releasespublications/documents/population/2017/Chapter_8_Religion.pdf
[44] https://www.esri.ie/pubs/BKMNEXT324.pdf

mí Feabhra 2017[45]. Bhí pobail chreidimh agus gnáthdhaoine páirteach sa díospóireacht seo freisin agus d'fhoilsigh siad a gcuid tuairimí féin.

Cé nach bhfuil sé faoi raon feidhme an pháipéir seo gach ceann de na saincheisteanna agus díospóireachtaí a léirítear sna foilseacháin sin a phlé, tá sé tábhachtach a rá go mbíonn conspóid mhór faoi cheisteanna a bhaineann leis an gcineál seo oideachais reiligiúin atá oiriúnach dár ndaoine óga. Cuirfear san áireamh in obair an ghrúpa forbartha éagsúlacht na gcineálacha scoileanna agus féachfar le sonraíocht don Oideachas Reiligiúin a fhorbairt atá freagrúil do riachtanais gach duine.

**An gá atá le litearthacht reiligiúnach sa spás poiblí**

Tá ról ag an oideachas reiligiúin ó thaobh litearthacht reiligiúnach a fhorbairt. Ag an leibhéal is bunúsaí ar fad, is ionann litearthacht reiligiúnach agus an cumas a bheith ag duine comhráite eolasacha, smaointeacha agus ómósacha a bheith aige faoi reiligiún agus an tionchar a bhí aige ar an tsochaí agus ar imeachtaí domhanda agus an tionchar a bhíonn ag na rudaí sin air. Leis sin teastaíonn tuiscint agus líofacht maidir le teanga agus téarmaíocht na reiligiún.

Is é aidhm na litearthachta reiligiúin ná tuiscint: a thuiscint go bhfuil *'tá reiligiúin éagsúil seachas uilíoch go hinmheánach; athraíonn agus tagann reiligiún chun cinn de réir ama seachas a bheith stairiúil agus statach; agus tá tionchair reiligiúin neadaithe i ngach gné den chultúr in ionad glacadh leis go bhfeidhmíonn reiligiúin i gcomhthéacsanna discréideacha, tréigthe, "príobháideacha"'.*[46] Nuair a thuigtear reiligiúin agus gach a bhfuil casta fúthu bítear in ann rannchuidiú le tuiscint, ómós agus aitheantas a fhorbairt maidir le cearta daoine eile. Tá sé de chumas aige freisin mothálacht agus meas a fhorbairt maidir leis na prionsabail fealsúnacha agus/nó diagacha atá mar bhonn ag na tuairimí domhanda ar leith agus dá bhrí sin léirthuiscint níos doimhne a fhorbairt faoi na bealaí ar leith ar féidir le duine a bheith reiligiúnach nó neamh-reiligiúnach.

I dtéarmaí nithiúla, cúram tábhachtach amháin don seomra ranga O.R. is ea cabhrú leis an scoláire an teanga agus na scileanna a theastaíonn i gcomhair plé a fhorbairt, rud a chuideoidh dá bhrí sin le tuiscint níos fearr agus a chuideoidh le daoine óga féachaint thar an léiriú steiréitíopach agus deighilte de reiligiún.

[45] www.ncca.ie/consultation/erbe.

[46] Adam Dinham agus Matthew Francis, (eag.) *Religious literacy in policy and practice* (Bristol: Policy Press, 2015), lch 28.

**An Straitéis Náisiúnta ar Oideachas don Fhorbairt Inbhuanaithe**

Soláthraítear creat sa Straitéis Náisiúnta ar Oideachas don Fhorbairt Inbhuanaithe in Éirinn 2014-2020, Oideachas don Fhorbairt Inbhuanaithe[47], chun tacú le rannchuidiú na hearnála oideachais do thodhchaí níos inbhuanaithe.

> Tá sé d'aidhm ag an Straitéis Náisiúnta ar Oideachas don Fhorbairt Inbhuanaithe a chinntiú go gcuireann an t-oideachas leis an bhforbairt inbhuanaithe tríd an eolas ábhartha a thabhairt d'fhoghlaimeoirí ('céard'), na príomh-mheonta agus scileanna ('cén chaoi') agus na luachanna ('cén fáth') a spreagfaidh agus a chumhachtóidh iad ar feadh a saoil chun bheith ina saoránaigh eolacha ghníomhacha a rachaidh i mbun gnímh ar mhaithe le todhchaí níos inbhuanaithe (lch 3).

Ag tagairt don oideachas, is príomhchuspóir de chuid na straitéise é go dtabharfaí d'fhoghlaimeoirí an t-eolas, na meonta, na scileanna agus na luachanna a spreagfaidh agus a chumhachtóidh iad le bheith ina saoránaigh ghníomhacha agus le bearta a dhéanamh chun maireachtáil ar bhealach níos cirte agus níos inbhuanaithe. Tá deiseanna suntasacha ann ionas go rannchuideodh Oideachas Reiligiúin sa tsraith shóisearach leis an obair sin.

Aibhsíonn saincheisteanna domhanda mar éagothroime méadaithe agus athrú aeráide, an gá atá ann saincheisteanna den sórt sin a thuiscint laistigh de chomhthéacs ceartais domhanda, idirspleáchas, agus cearta daonna. Ní mór freisin an saincheisteanna sin a ghrinnfhiosrú trí bhíthin luachanna, eiticí agus creidimh. In Oideachas Reiligiúin sa tsraith shóisearach, ba cheart cur ar chumas an scoláire scrúdú a dhéanamh ar fhíseanna morálta difriúla don saol agus a fhís féin a chur in iúl. Ba cheart go dtabharfadh sé faoi smaointeoireacht chriticiúil agus mhachnamhach ar chuid de mhórcheisteanna ár linne agus plé a dhéanamh ar ról na gcreideamh reiligiúnach agus na gcreideamh neamh-reiligiúnach d'fhonn saol níos cirte agus níos inbhuanaithe a chruthú. Ba cheart an scoláire a spreagadh chun a chuid foghlama a chur i bhfeidhm trí bheith rannpháirteach i saincheisteanna comhshaoil agus sóisialta saoil, cosúil le Nuálaithe Óga Sóisialta, clár Scoileanna Glasa, clár um Oideachas Forbartha Worldwise, agus naisc le heagraíochtaí pobalbhunaithe nó náisiúnta.

---

[47] *An Straitéis Náisiúnta ar Oideachas don Fhorbairt Inbhuanaithe in Éirinn (2014-2020), Oideachas don Inbhuanaitheacht,* An Roinn Oideachais agus Scileanna, Mí Iúil 2014

**Achoimre ar an Rannóg**

I gcroílár oideachais reiligiúin mhaith tá an bonn nach féidir linn teagasc a dhéanamh lenár ndroim leis an domhan mór. Ar an gcúis sin, ní mór machnamh cúramach a dhéanamh ar an gcomhthéacs agus ar an saol ina mbeidh an tsonraíocht nua suite.

Ba cheart go mbeadh an tsonraíocht nua suite laistigh d'fhís an scoláire agus na foghlama atá i gcroílár na sraithe sóisearaí nua. Ba cheart dó freisin folláine an scoláire a chur chun cinn de réir mar a thabharfar tacaíocht dó brí a bhaint as an ábhar, agus feasacht phearsanta agus ceangal a fhorbairt le daoine eile ar feadh a chuid foghlama.

Mar gheall ar an gcomhthéacs ina bhfuil éagsúlacht reiligiúin ag fás in Éirinn tá feasacht méadaithe maidir leis an ngá atá le hoideachas reiligiúin atá uilechuimsitheach agus atá in ann rannchuidiú le comh-ómós agus comhthuiscint. Tá feasacht ag dul i méid freisin go bhfuil míthuiscint agus caoinfhulaingt reiligiúin ann de bharr easpa litearthachta reiligiúin. Ba cheart do Oideachas Reiligiúin na Sraithe Sóisearaí scileanna idirchultúrachais agus litearthacht reiligiúin a thógáil trí chomhráite eolasacha, smaointeacha agus measúla faoi reiligiún a éascú agus an chaoi a raibh tionchar aige ar an tsochaí agus ar imeachtaí domhanda agus go deimhin an tionchar a bhíonn ag na rudaí sin air.

Ba cheart go gcuideodh an tsonraíocht nua freisin leis an Straitéis Náisiúnta ar Oideachas don Fhorbairt Inbhuanaithe trí scrúdú a dhéanamh ar shaincheisteanna morálta comhaimseartha, cosúil le bochtaineacht, neamhionannas, ceartas inscne, athrú aeráide agus trí chur ar chumas an scoláire a bheith ina ghníomhaire bríomhar i gcomhair athraithe sa saol.

# 5. Sonraíocht don Oideachas Reiligiúin sa tsraith shóisearach nua

Cé go bhféadfadh saintréithe faoi leith a bheith ag roinnt acu, ag eascairt ón réimse foghlama atá i gceist, tá roinnt gnéithe comónta ag gach sonraíocht sa tsraith shóisearach, i gcás na n-ábhar agus na ngearrchúrsaí. Maidir leo siúd:

- Beidh siad bunaithe ar thorthaí
- Léireoidh siad leanúntas foghlama ina ndírítear ar dhul chun cinn an fhoghlaimeora
- Leagann siad amach ionchais shoiléire le haghaidh na foghlama
- Soláthróidh siad samplaí de na hionchais sin
- Cuimseoidh siad fócas ar na hocht bpríomhscil
- Féachfaidh siad chuige go mbíonn an teanga a úsáidtear soiléir agus an téarmaíocht leanúnach.

Áirítear iad seo a leanas sa tsonraíocht le haghaidh gach ábhar agus gearrchúrsa sa tsraith shóisearach:

| | | |
|---|---|---|
| 1 | Intreoir don tsraith shóisearach | Intreoir chomónta a bheidh inti do gach sonraíocht agus tabharfar achoimre inti ar na príomhghnéithe den Chreat don tSraith Shóisearach |
| 2 | Réasúnaíocht | Déanfar cur síos anseo ar chineál agus ar chuspóir an ábhair chomh maith leis na riachtanais agus na hinniúlachtaí ginearálta a bheidh ar scoláirí a léiriú agus a n-éileoidh sé orthu.<br>Déanfar iarracht sa téacs, mar is cuí, aird a tharraingt ar dhúshláin agus ar aon cheist rochtana a bhaineann le staidéar a dhéanamh ar an ábhar do scoláirí a bhfuil sainriachtanais acu nó do scoláirí faoi mhíchumais. |
| 3 | Aidhm | Tabharfar cur síos gonta anseo ar aidhm an ábhair. |
| 4 | Naisc le:<br>Ráitis foghlama<br>Príomhscileanna | Aibhseofar agus míneofar anseo an chaoi a nasctar an t-ábhar le gnéithe lárnacha foghlama agus teagaisc sa tsraith shóisearach. |
| 5 | Achoimre<br>Snáitheanna<br>Torthaí foghlama | Léireoidh forbhreathnú ar an ábhar an chaoi a n-eagraítear é agus leagfar amach ann, i snáitheanna agus i dtorthaí foghlama, an fhoghlaim a bhíonn i gceist. |

| | | |
|---|---|---|
| 6 | Ionchais maidir le scoláirí | Beidh siad seo nasctha le grúpaí de thorthaí foghlama agus bainfidh siad le samplaí d'obair scoláirí. Cuirfear nótaí leis na samplaí, ina mínítear cé acu atá an obair ag teacht le hionchais do scoláirí, chun tosaigh orthu, nó ar a gcúl. |
| 7 | Measúnú agus tuairisciú | Tagraíonn an roinn seo do mheasúnú foirmitheach agus do mheasúnú suimitheach araon. Tugtar breac-chuntas ann ar na comhpháirt(eanna) measúnaithe trína gcuirfidh scoláirí fianaise ar fhoghlaim i láthair ar bhonn leanúnach, agus ar mhaithe le gnóthachtáil a thaifeadadh le haghaidh Phróifíl Gnóthachtála na Sraithe Sóisearaí[48].<br><br>Cuirtear leis an gcur síos seo ar an measúnú trí shonraíochtaí measúnaithe agus trí threoirlínte ar leith a bheidh le húsáid sa dara agus sa tríú bliain. |

[48] Is é PGSS an dámhachtain nua do gach scoláire sa tsraith shóisearach. Tiocfaidh sé i gcomharbacht ar an dámhachtain reatha, an Teastas Sóisearach.

# 6. Achomair le haghaidh athbhreithniú ar Oideachas Reiligiúin sa tSraith Shóisearach

Is é a thiocfaidh as an athbhreithniú ar Oideachas Reiligiúin sa tSraith Shóisearach sonraíocht de réir an teimpléid i rannán 5.

Cuirfear an tsonraíocht ar fáil ag leibhéal comónta. Dearfar í chun í a theagasc agus a mheasúnú in 200 uair an chloig ar a laghad agus déanfar í a struchtúrú ina snáitheanna agus ina torthaí foghlama.

Forbrófar an tsonraíocht i gcomhréir leis na ráitis foghlama (RF), lena n-áirítear roinnt díobh seo a leanas nó iad ar fad:

Maidir leis an scoláire:

- Tá feasacht aige ar luachanna pearsanta agus tuiscint ar phróiseas na cinnteoireachta morálaí (RF 5)
- Tuigeann an scoláire mar a chuireann luachanna, creidiúintí agus traidisiúin éagsúla leis na pobail agus leis an gcultúr ina maireann sé/sí agus tá meas aige/aici orthu (RF 6)
- Tá meas ag an scoláire ar a bhfuil i gceist le bheith ina s(h)aoránach gníomhach, le cearta agus dualgais i gcomhthéacsanna áitiúla agus i gcomhthéacsanna níos leithne (RF 7)
- Tá meas ag an scoláire ar an oidhreacht áitiúil, náisiúnta agus idirnáisiúnta agus tuigeann sé/sí an tábhacht atá leis an ngaol idir eachtraí atá thart agus eachtraí reatha, agus tábhacht na bhfórsaí is cúis le hathrú (RF 8)
- Tá an fheasacht, an t-eolas, na scileanna, na luachanna agus an t-inspreagadh ag an scoláire le maireachtáil go hinbhuanaithe (RF 10)
- Gníomhaíonn sé chun a leas féin agus leas daoine eile a chothú (RF 11)
- Úsáideann an scoláire an teicneolaíocht agus uirlisí na meán digiteach chun foghlaim, chun cumarsáid a dhéanamh, chun oibriú agus chun smaoineamh go comhoibríoch agus go cruthaitheach ar bhealach freagrach agus eiticiúil (RF 24)

Déanfaidh forbairt na sonraíochta nua na rudaí seo a leanas:

- Cuirfear taighde agus forbairtí i réimse an oideachais reiligiúin san áireamh agus taithí múinteoirí agus scoláirí a bhí ag gabháil don siollabas reatha

- Déanfar príomhscileanna a leabú i dtorthaí foghlama na sonraíochta, mar is cuí
- Déanfar machnamh ar na Measúnaithe Rangbhunaithe is mó a oireann don chúrsa
- Tabharfar aghaidh ar leanúnachas agus dul chun cinn: an chaoi le ceangal le foghlaim ghaolmhar ag an mbunleibhéal agus tógáil uirthi, chomh maith le hardán a chur ar fáil chun staidéar a dhéanamh ar an Oideachas Reiligiúin sa tsraith shinsearach.

Le bheith níos sonraíche, tabharfaidh forbairt na sonraíochta nua aghaidh orthu seo a leanas:

- Aidhmeanna agus cuspóir an Oideachais Reiligiúin sa tSraith Shóisearach, á ndéanamh trédhearcach agus soiléir do scoláirí, do mhúinteoirí agus do thuismitheoirí.
- An chaoi a n-eagrófar an cúrsa; cibé an leanfaidh sé den struchtúr timpeall ar réimsí reatha foghlama nó an bhféadfaí é a athstruchtúrú timpeall ar shnáitheanna téamacha agus réimsí nua foghlama a oscailt suas.
- An chaoi a gcuirfear teagasc agus foghlaim ghníomhach, dírithe ar an scoláire chun cinn a chuireann ar chumas an scoláire scileanna cumarsáide, cruthaitheachta agus comhoibrithe a fhorbairt.
- An chaoi a mbeidh an tsonraíocht ábhartha don scoláire, ag tabhairt deis don scoláire a chuid spéiseanna agus ceisteanna féin a thabhairt chuig an staidéar acadúil ar reiligiún agus machnamh a dhéanamh ar an mbrí atá leis ina saol.
- An chaoi ar féidir leis an tsonraíocht rannchuidiú le forbairt iomlánaíoch an scoláire.
- An chaoi ar féidir leis an tsonraíocht cur ar chumas scoláirí agus múinteoirí cur chuige fiosrach, smaointeach, chriticiúil agus mhachnamhach a ghlacadh maidir leis an staidéar ar O.R. a mbeidh oideachas *faoi* reiligiún agus *ó* reiligiún mar thoradh air.
- An chaoi ar féidir leis an tsonraíocht a bheith solúbtha agus mothálach chun freastal ar raon comhthéacsanna scoile agus cineálacha pátrúnachta.
- An ról atá ag O.R. ó thaobh tuiscint faoi éagsúlacht an reiligiúin agus na gcreideamh in Éirinn na linne seo agus sa domhan mór agus meas don éagsúlacht sin.
- An chaoi a n-aithníonn, a bhfuil meas agus a rannchuidíonn O.R. go cothrom le taithí scoláirí ó roinnt traidisiún reiligiúin agus ó cultúr éagsúla mar aon leis na scoláirí sin a bhfuil tuairim dhomhanda thuata acu.

- An úsáid fhéideartha as teicneolaíocht i dteagasc agus foghlaim Oideachais Reiligiúin sa tSraith Shóisearach agus sa mhodh measúnaithe freisin.
- An fhéidearthacht rannphháirtíocht i ngníomh le haghaidh ceartas sóisialta, inbhuanaitheacht dhomhanda agus foghlaim seirbhíse a chuimsiú mar chuid den chúrsa.

Beidh obair Mheitheal Forbartha an Oideachais Reiligiúin bunaithe ar an bpáipéar treorach seo ar an gcéad dul síos. Agus an grúpa i mbun oibre agus plé, d'fhéadfaí roinnt de na pointí seo a fhormhíniú agus pointí eile a chur leis an bpáipéar treorach.

**LEABHARLIOSTA**

Anderson, Bradford, Gareth Byrne agus Sandra Cullen, 'Religious Pluralism, Education and Citizenship in Ireland', in Aslan, Erdan, Ranja Ebrahim & Marcia Hermansen (eag.) *Islam, Religions, and Pluralism in Europe* (Dordecht: Springer, 2016).

Elisabeth Arweck, eag. *Young People's Attitudes to Religious Diversity* (Londain: Routledge, 2017).

Astley, Jeff agus Leslie J. Francis (eag.) *Diversity and Intersectionality: Studies in Religion, Education and Values* (Oxford: Peter Lang, 2016).

Benson, Peter, Peter Scales, Amy Syvertsen agus Eugene Roehlkepartain, 'Is youth spiritual development a universal developmental process? An international exploration', *The Journal of Positive Psychology* Iml. 7/6, 2012.

Berglund, Jenny, Yafa Shanneik agus Brian Bocking (eag.), *Religious Education in a Global-Local World* (Switzerland: Springer, 2016).

Berglund, Jenny, *European Perspectives on Islamic Education and Public Schooling (*Washington, D.C.: The Brookings Institute, 2015).

Boeve, Lieven, 'Beyond Correlation Strategies: Teaching Religion in a Detraditionalised and Pluralised Context', in *Hermeneutics and Religious Education*, in eag. ag Herman Lombaerdts agus Didier Pollefyt (Leuven: Peeters, 2004).

Buchanan, Michael agus Adrian-Mario Gellel (eag.), *Global Perspectives on Catholic Religious Education in Schools* (Dordecht: Springer, 2015).

Byrne, Gareth, *Religious Education Renewed*: *An Overview of Developments in Post-Primary Religious Education* (Baile Átha Cliath: Veritas, 2005).

Byrne, Gareth and Patricia Kieran, *Toward Mutual Ground: Pluralism, Religious Education and Diversity in Irish Schools* (Baile Átha Cliath: The Columba Press, 2013).

Byrne, Gareth, 'Encountering and Engaging with Religion and Belief: The Contemporary Contribution of Religious Education in Schools', in *Toward Mutual Ground*, in eag. ag Gareth Byrne agus Patricia Kieran (Baile Átha Cliath: The Columba Press, 2013).

Cullen, Sandra, 'Interpreting 'between privacies': Religious education as a conversational activity', in Does Religious Education Matter? in eag. ag Mary Shanahan (Londain: Routledge, 2017).

Davis, Derek H. agus Elena Miroshnikova (eag.) *The Routledge International Handbook of Religious Education* (Oxon: Routledge, 2013).

Delors, Jacques, *Learning: The Treasure Within: Tuarascáil chuig UNESCO den Choimisiún Idirnáisiúnta ar Oideachas le haghaidh an Aonú hAois is Fiche* (Páras: UNESCO Publishing, 1996).

Darmody Merike agus Emer Smyth, Oideachas faoi Reiligiúin agus faoi Chreidimh agus Eitic Dearcthaí Múinteoirí, Tuismitheoirí agus an Phobail i gCoitinne ar an gCuraclam Molta Bunscoile — Páipéar Comhairliúcháin arna Ullmhú don Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta' (Baile Átha Cliath: CNCM, 2017).

deSouza, Marian, Gloria Durka**,** Kathleen Engebretson**,** Robert Jackson**,** agus Andrew McGrady (eag.) *International Handbook of the Religious, Moral and Spiritual Dimensions of Education*: *Part Two* (Dordecht: Springer, 2006).

Dillon, Suzanne, 'Religious Education at Second Level in Ireland', in *Toward Mutual Ground*, in eag. ag Gareth Byrne agus Patricia Kieran (Baile Átha Cliath: The Columba Press, 2013).

Engebretson**,** Kathleen, Marian deSouza, Gloria Durka and Liam Gearon (eag.), *International Handbook of Inter-religious education* (An Ísiltír: Springer, 2010).

Francis, Leslie, Byrne, Gareth., Sweetman, Bernadette. agus Penny, Gemma, 'Growing up female and Catholic in the Republic of Ireland and Scotland: The intersectionality of religious identity, religious saliency, and nationality', in *Di3ersity and intersectionality: Studies in religion, education, and values* (in eag. ag Leslie J. Francis agus Jeff Astley (Oxford: Peter Lang, 2016

Gillespie, Lorraine, 'Student opinions on Junior Certificate Religious Education', in *Teaching Religious Education*, 2/5 (2008).

Rialtas na hÉireann, *Cairt don Oideachas sna Blianta Romhainn: Páipéar Bán ar Oideachas* (Baile Átha Cliath: An Oifig Stáiseanóireachta, 1992).

Groome, Thomas, 'Both Religious Knowledge and Spiritual Wisdom': The Challenge for Religious Education as an "Exam Subject" in Irish Secondary Schools: A Thing of the Past or Coming to Birth?' in *Teaching Religious Education*, 5/10 (2010).

Hogan, Pádraig, 'Eclipses and reclamations: The question of religion in educational experience', *Does Religious Education Matter?* in eag. ag Mary Shanahan (Londain: Routledge, 2017).

Comhdháil Easpaig na hÉireann, *Religious Education and the Framework for Junior Cycle* (Baile Átha Cliath: Veritas, 2017).

Comhdháil Easpaig na hÉireann, *Guidelines for the Faith Formation and Development of Catholic Students: Junior Certificate Religious Education Syllabus* (Baile Átha Cliath: Veritas, 1999).

Coimisiún na hÉireann um Chearta an Duine *Religion & Education: A Human Rights Perspective* (Baile Átha Cliath: Coimisiún na hÉireann um Chearta an Duine, 2011).

Jackson, Robert, *Signposts: Policy and practice for teaching about religions and non-religious world views in intercultural education* (Strasbourg: Council of Europe Publishing, 2014)

Jackson, Robert, 'Why Education About Religions and Beliefs?' in *Toward Mutual Ground: Pluralism, Religious Education and Diversity in Irish Schools*, in eag. ag Gareth Byrne agus Patricia Kieran, (Baile Átha Cliath: The Columba Press, 2013).

Keast, John, *Religious Diversity and Intercultural Education: A Reference Book for Schools* (Strasbourg: Council of Europe Publishing, 2007).

Kieran, Patricia, Taking Diversity of Belief Seriously in Contemporary Ireland: The Challenge for Religious Education in Irish Schools', *Toward Mutual Ground: Pluralism, Religious Education and Diversity in Irish Schools*, in eag. ag Gareth Byrne agus Patricia Kieran, (Baile Átha Cliath: The Columba Press, 2013).

Kuyk, Elza, Roger Jensen, David Lankshear, Elisabeth Löh Manna, Peter Schreiner (eag.), *Religious Education in Europe: Situations and current trends in schools* (Osló:  IKO Publishing House, 2007).

Lane, Dermot, *Challenges Facing Religious Education in Contemporary Ireland* (Baile Átha Cliath: Veritas, 2008).

Lane, Dermot, *Religion and Education: Re-imagining the Relationship* (Baile Átha Cliath: Veritas, 2013).

Lewis, Christopher, Sharon Cruise, Michael Fearn, agus Conor Mc Guckin, "Ireland: Growing up Irish: Life perspectives among young people in the Republic of Ireland" in *Youth in Europe I: An international empirical study about life* perspectives (2ú hEagrán), in eag. ag Hans-Georg Ziebertz agus William Kay (Münster, An Ghearmáin: LIT, 2009).

McGrady, Andrew, 'Teaching Religion: Challenges and opportunities for educational practice within a pluralist context' in *Toward Mutual Ground*: *Pluralism, Religious Education and Diversity in Irish Schools*, in eag. ag Gareth Byrne agus Patricia Kieran (Baile Átha Cliath: The Columba Press, 2013).

Mc Guckin, Conor, Christopher Lewis, John-Paul Sheridan, agus Sharon Cruise, 'The religious socialisation of young people in Ireland', in *Education matters: Readings in pastoral care for school*

*chaplains, guidance counsellors and teachers,* in eag. ag James O'Higgins-Norman, (Baile Átha Cliath, Veritas, 2014).

Mullally, Aiveen, *Guidelines on the Inclusion of Students of Other Faiths in Catholic Secondary Schools* (Baile Átha Cliath: Comhchoiste na mBainisteoirí, 2010).

An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta, Siollabas Oideachais Reiligiúin, An Teastas Sóisearach, 2000

Office for Democratic Institutions and Human Rights, Toledo Guiding principles on Teaching about Religions and Beliefs in Public Schools (Vársá: ESCE/ODIHR, 2007).

Parker, Stephen, Rob Freathy agus Leslie J. Francis (eag.) *Religious Education and Freedom of Religion and Belief* (Oxford: Peter Lang, 2012).

Pepin, Luce, *Teaching about Religions in European School Systems: Policy issues and trends* (NEF, 2009)

Robbins, Mandy agus Leslie Francis, 'The Teenage Religion and Values Survey in England and Wales: an overview', *British Journal of Religious Education*, Iml. 32/3, 2010.

Rothgangel, Martin, Robert Jackson agus Martin Jaggle (eag.) *Religious Education at Schoosl in Europe* (Vienna: Vienna University Press, 2014).

Schreiner, Peter, 'Religious Education in a European Context', *Hungarian Educational Research Journal*, 2013.

Shanahan, Mary (eag.) *Does Religious Education Matter?* Londain: Routledge, 2017).

Smyth, Emer, Maureen Lyons agus Merike Darmody, *Religious Education in a Multicultural Europe: Children, Parents and Schools* (RA: Palgrave Macmillan, 2013).

Coimisiún na Scrúduithe Stáit, *Scrúdú an Teastais Shóisearaigh 2008, Oideachas Reiligiúin, Tuairiscí an Phríomhscrúdaitheora.*

Stoeckel, Kristina agus Olivier Roy (eag.) *The Future of Religious Education in Europe* (Florence : An Institiúid Ollscoile Eorpach, 2015).

Sullivan, John, 'A space like no other', in *Does Religious Education Matter?* in eag. ag Mary Shanahan (Londain: Routledge, 2017).

Weisse, Wolfram, 'REDCo: A European Research Project on Religion in Education', *Religion and Education*, 3/37 (2010).

NCCA